An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission



# ATHBHREITHNIÚ I nDIAIDH IMEACHT TOGHCHÁIN

Olltoghchán Sheanad Éireann | Eanáir 2025

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Meitheamh 2025
ISBN: 978-1-911722-13-7

**An Coimisiún Toghcháin,**
**Caisleán Bhaile Átha Cliath,**
**Baile Átha Cliath 2,**
**D02 X8X8.**

@ElecCommIRL

# An Clár Ábhar


1. An Brollach 2
2. Achoimre Fheidhmeach 4
3. Cúlra, Raon Feidhme agus Modheolaíocht 8
4. Stair 10
5. Ról agus Feidhmeanna 11
6. Comhdhéanamh 13
7. Olltoghchán an tSeanaid, 2025 15
8. Toghcháin Ollscoile 17
9. Toghcháin na Rollaí 31
10. Obair an Choimisiúin Toghcháin 42
11. Toghcháin an tSeanaid Amach Anseo 44
12. Conclúid agus Moltaí 48
13. Iarnótaí 51

# 1. An Brollach



Ba é an t-olltoghchán do Sheanad Éireann an chéad imeacht toghcháin in Éirinn in 2025, agus an chéad toghchán iomaidh do theach uachtarach reachtas na hÉireann ó bunaíodh an Coimisiún Toghcháin ar an 9 Feabhra 2023.

Chinneamar, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí reachtúla a dhílsítear don Choimisiún le halt 68 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin (PEER) a ullmhú agus a fhoilsiú le haghaidh Olltoghchán an tSeanaid in 2025. Cuireadh é sin in iúl don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus do na cinn chomhairimh a ceapadh le haghaidh an toghcháin sin. Tá sonraí san athbhreithniú seo freisin faoin bhfeachtas eolais a rith an Coimisiún roimh an toghchán Seanaid sin agus an spriocdháta clárúcháin don toghlach Ardoideachais nua.

Bíonn Dáil Éireann agus a toghchán go mór chun cinn sa phlé faoinár reachtas náisiúnta go minic, agus is lú i bhfad an bhéim a bhíonn ar an teach uachtarach agus a chóras toghcháin ar leith féin. Tá Seanad Éireann ar cheann de na trí bhrainse den Oireachtas mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Bhunreacht. Tá ról lárnach ag an teach uachtarach sin in go leor de na próisis agus na córais ar a mbunaítear an Stát, agus is cuid de chóras daonlathach srianta agus ceartúchán na hÉireann é.

Bíonn sé d'aidhm ag obair an Choimisiúin uileghabhálacht, rannpháirteachas agus rannpháirtíocht i gcórais toghcháin agus dhaonlathacha na hÉireann a chinntiú. Tá gnéithe ag baint le córas toghcháin an tSeanaid nach mbaineann le haon chuid eile dár gcóras toghcháin, agus tá an PEER seo tábhachtach mar sin toisc go gcruthaíonn sé deis foghlaim faoin ngné seo de dhaonlathas na hÉireann. I measc ár n-imeachtaí toghcháin ar fad, seans gurb iad toghcháin an tSeanaid is lú a thuigtear. Bhraitheamar, mar sin, go mbeadh sé tábhachtach míniú a thabhairt sa tuarascáil seo ar stair, próisis agus gnéithe Sheanad Éireann agus a chórais toghcháin. Ainmníonn an Taoiseach 11 duine de chomhaltaí an tSeanaid, agus roghnaítear an 49 comhalta eile trí sheacht dtoghchán ar leith ina mbíonn córais toghcháin, próisis agus toghthóirí difriúla, agus déantar cur síos orthu ar fad sa tuarascáil seo.

Murab ionann agus aon imeacht toghcháin eile in Éirinn, caitheann gach toghthóir i dtoghchán Seanaid a vóta sa phost. Agus an Coimisiún ag déanamh dul chun cinn ar *Chlár Taighde 2024–2026* dá chuid, thug an toghchán seo léargais úsáideacha dúinn ar an bpostvótáil, ábhar ar thugamar suntas dó mar thosaíocht amháin don taighde, agus a phléitear go hachomair in PEER Olltoghchán na Samhna 2024,[1] agus a ndéanfar fiosrú níos cuimsithí air amach anseo.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na cinn chomhairimh faoi seach as fáilte a chur roimh an gCoimisiún go dtí an obair sa chúlra chun breathnú ar na próisis thábhachtacha ar fad a bhaineann le toghchán Seanaid, agus as a gcomhoibriú agus muid ag bailiú sonraí chun bonn eolais a chur faoin tuarascáil seo. Ag gach ócáid i gcaitheamh gach toghcháin, bhíomar iontach tógtha le saineolas, díograis agus dúthracht na gceann comhairimh agus a bhfoirne agus iad ag comhlíonadh a ndualgas. I rith ár gcomhráite le cinn chomhairimh agus de réir mar a thugamar faoinár mbreathnóireachtaí, thángamar ar an mbarúil go bhféadfadh roinnt athchóirithe an córas atá i bhfeidhm faoi láthair a fheabhsú, agus leagtar amach na sonraí sin sa tuarascáil seo.



Tuigimid freisin gur phointe cinniúnach i stair dhaonlathas na hÉireann a bhí sa toghchán seo, toisc gurb é sin an uair dheireanach a thoghfadh toghlaigh Ollscoil na hÉireann agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath comhaltaí don Seanad. Tarraingímid aird ar sheasmhacht thoghlach Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i bpolaitíocht na hÉireann ó 1613; ag toghadh Feisirí Parlaiminte ar dtús, ansin Teachtaí Dála, agus ar deireadh, seanadóirí.

Agus an chaibidil seo i stair ár seomra uachtaraigh agus ár struchtúr daonlathach ag teacht chun deiridh, táimid ag breathnú chun cinn le dóchas agus an ceart vótála do thoghcháin an tSeanaid á leathnú. Thacaigh muintir na hÉireann go láidir leis an Seachtú Leasú ar a mBunreacht in 1979. Cruthóidh bunú an toghlaigh Ardoideachais uileghabhálacht níos fearr i dtoghcháin Seanaid, agus tá súil againn go mbeidh daoine níos rannpháirtí sa phróiseas toghcháin dá bharr.

Tá súil agam go soiléireoidh an tuarascáil seo gnéithe casta ar leith Sheanad Éireann agus a thoghchán, agus molaim don léitheoir í.

**An Breitheamh Onórach Marie Baker**
Cathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin

# 2. Achoimre Fheidhmeach

Is é Seanad Éireann an teach uachtarach i reachtas na hÉireann agus tá sé ar cheann de thrí bhrainse an Oireachtais. Is iad an dá bhrainse eile Dáil Éireann agus an tUachtarán. Bhí Seanad ag reachtas Shaorstát Éireann ar feadh fhormhór a staire, agus bunaíodh an Seanad mar atá faoi láthair agus a chóras toghchán le Bunreacht na hÉireann in 1937.

Tá ról tábhachtach ag an Seanad in go leor de na próisis dhaonlathacha a leagtar amach sa Bhunreacht. Is feidhm reachtach atá aige den chuid is mó: Féadfaidh seanadóirí formhór na reachtaíochta a thionscnamh, a leasú agus a phlé, agus féadfaidh siad moill a chur ar reachtaíocht ón Dáil, cé nach féidir leo í a chrosadh. Tá líon teoranta de dhearbhchumhachtaí lánroghnacha ag an Seanad.

Rinne an tUachtarán an 33ú Dáil a lánscor ar iarratas an Taoisigh Dé hAoine, 8 Samhain 2024. Ceanglaítear sa Bhunreacht gur foláir olltoghchán don Seanad a bheith ann lá nach déanaí ná nócha lá tar éis lánscor Dháil Éireann.

Níl córas toghcháin an tSeanaid cosúil le haon chóras toghcháin eile in Éirinn. Tá seasca seanadóir ann san iomlán, 11 díobh a ainmnítear de réir rogha an Taoisigh nuathofa. Roghnaíonn céimithe ollscoile seisear seanadóirí; toghann céimithe Ollscoil Bhaile Átha Cliath (arb é Coláiste na Tríonóide an t-aon chomhcholáiste di) triúr seanadóirí agus toghann céimithe Ollscoil na hÉireann (arb iad Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil na Gaillimhe, Ollscoil Mhá Nuad agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath na comhcholáistí di) triúr seanadóirí. De bharr *Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024*, tháinig clár nua toghthóirí i bhfeidhm ar an 1 Aibreán 2025.[2] Ón dáta sin toghfaidh toghlach Ardoideachais nua an seisear seanadóirí ollscoile sin. Leathnaítear cearta vótála céimithe go raon níos leithne d'institiúidí tríú leibhéal leis an Acht sin.

Toghann Teachtaí Dála, comhairleoirí áitiúla agus seanadóirí atá ag dul as oifig an 43 seanadóir eile. Toghlacht de níos lú ná 1,200 atá i gceist ansin le haghaidh *thoghcháin na rollaí*. Is féidir le comhaltaí an Oireachtais nó sainchomhlachtaí ainmniúcháin iarrthóirí a ainmniú chun seasamh i gceann de na cúig thoghchán rollaí a bhaineann lena saineolas agus a dtaithí féin i réimse gairme ar leith: Saíocht agus Oideachas, Talmhaíocht, Oibreachas, Tionscal agus Tráchtáil, nó Riarachán.

Murab ionann agus na toghcháin eile in Éirinn, déantar an vótáil ar fad do na toghcháin ollscoile agus rollaí sa phost, rud a d'fhág nach raibh an Coimisiún ag díriú ar stáisiúin vótála mar a bhí i dtuarascálacha PEER eile. D'fhreastail ár bhfoireann ar na príomhchéimeanna ar fad de na próisis toghcháin éagsúla agus bhí plé leanúnach againn leis an triúr ceann comhairimh agus le príomhpháirtithe leasmhara eile i gcaitheamh an toghcháin seo.

Chríochnaigh an vótáil sna toghcháin ollscoile ag 11 r.n. Dé Céadaoin, 29 Eanáir. Tháinig comhaireamh Ollscoil na hÉireann chun críche an lá dár gcionn san RDS, ach mar gheall ar athchomhaireamh i dtoghchán Ollscoil Bhaile Átha Cliath, lean an comhaireamh ar aghaidh go dtí Dé hAoine, 31 Eanáir, i Halla na Scrúduithe i gColáiste na Tríonóide. Nuair a chuirtear ballóidí ar diúltaíodh dóibh agus ballóidí millte san áireamh, vótáil 33.8% de thoghlacht Ollscoil na hÉireann, agus 24.8% de thoghlacht Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Ach ba cheart a thabhairt ar aird gur dócha gur chuir fadhbanna le cruinneas an dá chlár (seoltaí míchearta, toghthóirí básaithe, srl.) leis an gcéatadán íseal sin.

Ba é 11 r.n. Déardaoin, 30 Eanáir, críoch na vótaíochta i dtoghcháin na rollaí, agus lean an comhaireamh ar aghaidh go dtí Dé Luain, 3 Feabhra, i mBialann na gComhaltaí i dTeach Laighean. Nuair a chuirtear ballóidí ar diúltaíodh dóibh agus ballóidí millte san áireamh, vótáil 99.3% den toghlacht sna cúig thoghchán rollaí.


Bhí an Coimisiún tógtha leis an saineolas, an dúthracht agus an chríochnúlacht a léirigh na cinn chomhairimh agus a bhfoireann i gcaitheamh an toghcháin. Mar sin féin, d’fhéadfaí feabhas a chur ar an gcaoi a ritear toghcháin an tSeanaid. Ag tarraingt ar ár mbreathnóireachtaí i rith an toghcháin seo, déanann an Coimisiún na moltaí a leagtar amach sa tuarascáil seo.

Tráth ar scríobhadh an tuarascáil seo, bhí cás ar bun san Ard-Chúirt maidir le toghchán an Rolla Talmhaíochta i ndiaidh achainí a thionscain iarrthóir nár éirigh leo. Cé go ndearna an Coimisiún iarracht na ceisteanna lena mbaineann a shainaithint trí chéile, níor measadh na cúrsaí sin i moltaí an Choimisiúin faoi láthair. Má éilíonn an tOireachtas é, beidh an Coimisiún sásta PEER aguisín a chur ar fáil i ndiaidh dheireadh an cháis san Ard-Chúirt.



©Tithe an Oireachtais

## Moltaí: An Toghlach Ardoideachais

| | |
|---|---|
|  | Reachtaíocht a leasú chun tabhairt isteach cláir fhorlíontaigh a éascú roimh an gcéad olltoghchán eile don Seanad. |
|   | Seiceálacha dearbhaithe cáilíochta ar chlár nua na dtoghthóirí a neartú agus gach beart riachtanach a dhéanamh chun a chruinneas a chinntiú. |
|  | Nósanna imeachta a bhaineann le páipéir bhallóide an tSeanaid a sheachadadh sa phost cláraithe a athbhreithniú:<br>• Nósanna imeachta seachadta i dtaobh an phoist chláraithe agus an cheanglais lena mbaineann faoin síniú a chur i bhfeidhm go seasmhach ar fud na tíre chun sláine toghcháin a chosaint.<br>• An fhéidearthacht a bhainfeadh le cur in iúl go soiléir do vótálaithe gur chaill siad seachadadh a bpáipéir ballóide Seanaid a fhiosrú.<br>• Tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le páipéir bhallóide nach seachadtar a bhailiú/a atheisiúint chun a chinntiú gur féidir lena mhéad toghthóirí agus is féidir a vóta a chaitheamh. |
|  | Stampa nó comhartha uisce caighdeánaithe a chur ar gach páipéar ballóide sula n-eisítear iad. |
|  | Téacs na n-ábhar treorach a thugtar do vótálaithe a leasú chun a shoiléiriú gur féidir le haon duine a bhfuil aithne phearsanta acu orthu a bheith ina bhfinnéithe acu. |
|  | Tacaíochtaí breise agus feabhsaithe a chur ar fáil do vótálaithe ar a bhfuil tinneas nó atá faoi mhíchumas, iad siúd a bhfuil lagú radhairc orthu ina measc. |
|  | Athbhreithniú a dhéanamh ar na costais a d'fhéadfadh vótálaithe a chónaíonn thar lear a dhíspreagadh, ag féachaint lena gceart chun vótála a éascú níos fearr. |

## Moltaí: Toghcháin na Rollaí

**Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas reatha ina leantar leis an gcomhaireamh fiú nuair is ionann an líon iarrthóirí atá ag dul ar aghaidh agus an líon suíochán atá ar fáil, agus leasú ar an bpróiseas sin le go dtiocfadh sé le cineálacha eile toghcháin a mheas.**

**Reachtaíocht a leasú chun a chinntiú gur féidir le hiarrthóirí diúltú d'ainmniúchán agus/nó a n-ainmniúchán féin a tharraingt siar.**

**Tacaíochtaí breise a chur ar fáil don Cheann Comhairimh Seanaid agus a bhfoireann, más ga.**

## Nithe atá ina saincheist in Achainí na hArd-Chúirte
(ar bun tráth an fhoilsithe)[3]

- **Arbh ionann an mhainneachtain gan athchomhaireamh iomlán a dhéanamh ar iarratas iarrthóra agus botún nó neamhrialtacht ar dhóigh dó difear a dhéanamh do thoradh an toghcháin.**
- **An raibh infheictheacht na gcomhaireamh ar fad i ndiaidh an chéad chomhairimh srianta nó "an ndearnadh go príobháideach iad i ndáiríre", rud as ar eascair sárú formhaoirsithe ar deireadh.**
- **An teideal d'athchomhaireamh trí chéile i dtoghchán rolla Seanaid.**

## Moltaí: Gach Toghchán Seanaid

**A chinntiú go gcuirtear na fógraí ar fad in ionaid chomhairimh ar fáil i nGaeilge, i mBéarla agus i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann.**

# 3. Cúlra, Raon Feidhme agus Modheolaíocht

Bunaíodh an Coimisiún Toghcháin, coimisiún neamhspleách toghcháin na hÉireann, ar an 9 Feabhra 2023. Dílsíodh raon leathan feidhmeanna agus cumhachtaí a bhaineann le córas toghcháin agus daonlathas ginearálta na hÉireann ann leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*. Cé nach bhfuil aon ról díreach aige in eagrú ná i riarachán na n-imeachtaí toghcháin féin, tá ullmhú agus foilsiú **Athbhreithnithe i ndiaidh Imeacht Toghcháin (PEERanna)** ar cheann d'fheidhmeanna tuairiscithe toghcháin an Choimisiúin.

Ceadaítear leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* (Cuid 2, Caibidil 9, alt 68(1)) don Choimisiún, i ndiaidh gach imeachta toghcháin, agus ar cibé dóigh a chinnfidh an Coimisiún féin, tuarascáil ar riarachán an imeachta toghcháin sin a ullmhú agus a fhoilsiú. De réir alt 68(2) d'Acht 2022, má ullmhaíonn an Coimisiún a leithéid de thuarascáil, tá sí le foilsiú agus le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais tráth nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh an imeachta toghcháin lena mbaineann, agus tá cóip le tabhairt don Aire ábhartha.

D'fhoilsigh an Coimisiún PEER roimhe seo le haghaidh gach imeachta toghcháin a tharla ó bunaíodh muid; is iad sin na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram; na toghcháin áitiúla, Eorpacha agus toghcháin mhéara Luimnigh; agus an t-olltoghchán do Dháil Éireann i mí na Samhna 2024. Chinn an Coimisiún PEER a ullmhú arís, le haghaidh olltoghchán an tSeanaid i mí Eanáir 2025.

Bhí PEERanna roimhe seo bunaithe den chuid is mó ar shonraí a bhailigh ionadaithe an Choimisiúin a rinne breathnóireacht ar an bpróiseas vótála ag stáisiúin vótála ar fud na tíre. In 2024, thug foirne breathnóireachta PEER cuairt ar an 26 contae ar fad le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar an 8 Márta, an 7 Meitheamh agus arís ar an 29 Samhain: bhí 285 cuairt ar stáisiúin vótála i gceist san iomlán,[4] trí oileán amach ón gcósta ina measc.

I bhfianaise ghnéithe ar leith thoghcháin an tSeanaid, ina ndéantar an vótáil trí phostvótáil rúnda agus nach mbíonn ach cohóirt shonracha den daonra incháilithe le vóta a chaitheamh, glacadh modheolaíocht agus fócas nua le haghaidh an PEER seo.



D'fhreastail agus bhreathnaigh ionadaithe an Choimisiúin ar na príomhchéimeanna ar fad de phróisis toghcháin na hollscoile agus na rollaí, críochnú na rollaí ina measc; próiseáil, eisiúint agus atheisiúint ballóidí; agus na laethanta comhairimh ar fad ag na trí ionad comhairimh. Bhuail an Coimisiún freisin leis na cinn chomhairimh Seanaid ar fad agus a bhfoirne faoi seach roimh an toghchán, lena linn agus ina diaidh. Leanadh leis an bplé eatarthu lena linn sin ar fad, agus le príomhpháirtithe leasmhara eile (tá sonraí faoi obair agus feachtas eolais an Choimisiúin i gCaibidil 10).

I bhfianaise chomh casta agus a bhíonn toghcháin an tSeanaid, agus an easpa feasachta trí chéile i measc an phobail orthu, féachtar sa PEER seo le cur síos a dhéanamh ar phróiseas toghcháin an tSeanaid agus ar na príomhchéimeanna agus gnéithe a bhaineann leis. Moltar feabhsúcháin sa PEER seo freisin don phróiseas toghcháin, bunaithe ar bhreathnóireachtaí ionadaithe an Choimisiúin i rith an toghcháin, agus treoraithe ag prionsabail na huileghabhálachta, na sláine agus an chomhionannais.[5]

Baineann Airteagal 29 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD) le rannpháirteachas sa saol polaitiúil agus poiblí. Dhaingnigh Éire an UNCRPD in 2018, agus ag eascairt as sin, tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí agus orthu siúd a mhaoirsíonn bonneagar na dtoghchán in Éirinn aird a thabhairt ar cheisteanna inrochtaineachta. Tá cearta daoine faoi mhíchumas chun vóta a chaitheamh agus páirt a ghlacadh sa saol poiblí chomh hábhartha do thoghcháin an tSeanaid agus atá do na himeachtaí toghcháin eile. Scrúdófar cúrsaí inrochtaineachta agus mar ar bhain siad leis an toghchán seo san athbhreithniú seo.

Ba cheart a thabhairt ar aird gur athbhreithniú é an PEER seo ar riarachán an toghcháin Seanaid is deireanaí agus níl sé ceaptha aghaidh a thabhairt ar cheist níos ginearálta an athchóirithe ar an Seanad.



©Tithe an Oireachtais

# 4. Stair

Is córas an dá sheomra atá i bparlaimint na hÉireann, an tOireachtas, ina bhfuil dhá sheomra ar leith. Tugtar Seanad Éireann ar an teach uachtarach agus Dáil Éireann ar an teach íochtarach. Bíonn suí an tSeanaid agus na Dála ar siúl ina seomraí féin i dTeach Laighean i mBaile Átha Cliath 2. Tugtar Teachtaí Dála, nó TDanna, ar chomhaltaí Dháil Éireann, agus tugtar Seanadóirí ar chomhaltaí an tSeanaid.

Bhí seomra uachtarach den ainm céanna ag parlaimint Shaorstát Éireann (1922–1937) i rith fhormhór a staire. Ba iad na príomhchúiseanna a luadh le cruthú an tSeanaid in 1922 an mhian go gcinnteofaí ionadaíocht pharlaiminteach do ghrúpaí mionlach a bheadh faoi ghannionadaíocht murach sin sa seomra íochtarach,[6] agus chun an t-aistriú go Stát nua a dhéanamh níos éasca trí ghníomhú mar shrian daonlathach ar reachtaíocht rialtais mhíthapa nó uathlathach.[7] Rinneadh athruithe suntasacha ar chumhachtaí, córas toghcháin agus cearta vótála Sheanad an tSaorstáit i rith na 14 bliana a raibh sé ar bun,[8] sular cuireadh deireadh iomlán leis an seomra in 1936.

I rith phróiseas dréachtaithe Bhunreacht nua na hÉireann, cheap Uachtarán na hArd-Chomhairle ag an am, Éamon de Valera, Coimisiún chun measúnú a dhéanamh ar na tairbhí a bhainfeadh le seomra uachtarach nua a bhunú.[9] I bhfianaise mholtaí an Choimisiúin, cuireadh Seanad nua i mBunreacht 1937. Tá an Bunreacht sin agus an seomra uachtarach a bunaíodh ann fós i bhfeidhm sa lá atá inniu ann, cé go ndearnadh leasú ar an mBunreacht le reifrinn ó am go chéile.

Measadh gur comharba díreach Sheanad an tSaorstáit a bhí sa Seanad a bunaíodh arís, d'ainneoin na ndifríochtaí móra idir an dá sheanad i dtaobh a gcomhdhéanaimh agus a gcóras toghcháin. De bharr bhallraíocht rollach an tSeanaid sa Saorstát, ina dtiocfadh deireadh le cion áirithe de théarmaí fónaimh seanadóra gach trí bliana, measadh gurb í tréimhse iomlán an tseomra an Chéad Seanad. Thug Bunreacht na hÉireann córas nua isteach, trína dtoghfaí Seanad nua laistigh de 90 lá de lánscor na Dála, rud a cheangail toghcháin na Dála agus an tSeanaid le chéile. Tugadh an Dara Seanad ar an Seanad a toghadh i ndiaidh ghlacadh Bhunreacht na hÉireann, agus is é an Seanad a toghadh in 2025 an 27ú Seanad.

Tá líon mór tíortha, stát agus cúigí tar éis deireadh a chur lena dtithe uachtaracha agus córas an aon seomra reachtaigh a chur ina n-áit le céad bliain anuas, ina measc an Ghréig (1935), an Nua-Shéalainn (1951), an Danmhairg (1953), an tSualainn (1970) agus an Chróit (2001). Mar sin féin, leanann 12 pharlaimint as an 27 Ballstát AE le córas an dá sheomra.[10] Tá reachtais an dá sheomra ag an Ríocht Aontaithe (Teach na dTeachtaí agus Teach na dTiarnaí) agus ag na Stáit Aontaithe (Teach na nIonadaithe agus an Seanad) freisin. Tugadh togra chun cinn inar moladh an 32ú Leasú ar an mBunreacht chun deireadh a chur leis an Seanad. Dhiúltaigh toghthóirí na hÉireann dó ar an 4 Deireadh Fómhair 2013, 51.7% le hais 48.3%, agus coinníodh an teach uachtarach dá réir.

# 5. Ról agus Feidhmeanna

Tá ról ar leith sna próisis reachtacha agus pholaitiúla ag Seanad Éireann.[11]

Is feidhm reachtach é bunfheidhm an tseomra uachtaraigh: is é sin grinnscrúdú agus athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht ón Dáil, agus seanadóirí ag tionscnamh reachtaíocht nua. Is féidir aon Bhille a thionscnamh sa Seanad, seachas Billí Airgid (a phléann le cánachas nó caiteachas amháin) agus Billí chun an Bunreacht a leasú: caithfear an dá chineál Bille sin a thionscnamh sa Dáil. I rith an phróisis reachtaigh, téann Billí siar is aniar idir dhá Theach an Oireachtais, rud a thugann deis do na seanadóirí díospóireacht, critíc agus leasú a dhéanamh ar reachtaíocht, reachtaíocht a tionscnaíodh sa Dáil ina measc.

Go praiticiúil, cinntíonn Airteagal 23 den Bhunreacht gur féidir leis an Dáil cinneadh an tSeanaid a chur ar neamhní má dhiúltaíonn an Seanad do Bhille, mura ritear Bille in am, nó má dhéantar iarracht leasuithe a chur i bhfeidhm nach n-aontaíonn an Dáil leo. Ach cinntítear de bharr na tréimhse 90 lá a leagtar amach in Airteagal 23.1.2° gur féidir leis an Seanad *moill* a chur ar rith Bille más cuí leis. Laghdaítear an tréimhse sin go 21 lá ar a mhéad i gcás Billí Airgid le hAirteagal 21.2, agus is féidir an tréimhse a laghdú a oiread is gá de bharr Airteagal 24.1, má cheadaíonn an Dáil agus tUachtarán é, sa chás go bhfuil tábhacht phráinneach ag baint leis an mBille. Cumhachtaítear an Seanad le hAirteagal 22.2.2° le hiarratas a dhéanamh go mbunódh an tUachtarán Coiste Pribhléidí chun a mheasúnú an Bille Airgid é Bille, ach féadfaidh an tUachtarán diúltú don iarratas sin i ndiaidh dul i gcomhairle leis an gComhairle Stáit.

Cé go bhfuil go leor d'fheidhmeanna agus cumhachtaí an tSeanaid ag brath ar chomhaontú agus comhoibriú an tseomra


©Tithe an Oireachtais

íochtaraigh, tá dearbhchumhachtaí agus crosa ag an Seanad is féidir leis a úsáid dá rogha féin, go neamhspleách ar mhóramh na Dála. Áirítear ina measc siúd:[12]

- an ceart tionscnaimh agus an ceart crosta i dtáinseamh Uachtaráin;
- an ceart tionscnaimh agus an ceart crosta i dtáinseamh breithiúna;
- an ceart tionscnaimh agus an ceart crosta ar mhaoirseoir airgeadais an Stáit, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a bhaint as oifig;
- an ceart dearbhú staide éigeandála a chrosadh;
- an ceart cearta ceannasacha áirithe an Stáit a ghéilleadh faoi fhorálacha chonarthaí an Aontais Eorpaigh a chrosadh;
- an ceart roghanna agus lánroghanna tábhachtacha áirithe an Stáit a fheidhmiú faoi chonarthaí an Aontais Eorpaigh a chrosadh;
- an ceart achainí a chur os comhair an Uachtaráin chun Billí conspóideacha a tharchur chuig an bPobal.

Mar is amhlaidh leis na Teachtaí Dála, bíonn roinnt buanchoistí agus roghchoistí ar seanadóirí a gcomhaltaí ar fad i ngach téarma parlaiminte. Suíonn Seanadóirí le Teachtaí Dála ar chomhchoistí freisin.

Bíonn Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ag Seanad Éireann a dtoghann seasca comhalta an tSeanaid iad. Is comhalta den Chomhairle Stáit iad an Cathaoirleach freisin; cuireann an Chomhairle Stáit comhairle ar an Uachtarán i dtaobh fheidhmiú a gcumhachtaí lánroghnacha. Comhalta iad freisin de Choimisiún an Uachtaráin a dhéanann ionadaíocht ar na Uachtarán mura bhfuil siad i láthair nó má thagann folúntas chun cinn san oifig sin.

Féadfaidh beirt seanadóirí ar a mhéad a bheith sa Chomh-aireacht, cé nach féidir seanadóir a cheapadh ina nAire Airgeadais.[13] Ceapadh Seán Molyan mar an tAire Talmhaíochta in 1957 agus James Dooge mar an tAire Gnóthaí Eachtracha in 1981.[14] Níl aon seanadóirí sa Chomh-aireacht faoi láthair.


©Tithe an Oireachtais

# 6. Comhdhéanamh



Leagtar síos in Airteagal 18.1 de Bhunreacht na hÉireann go mbeidh seasca seanadóir san iomlán i Seanad Éireann, murab ionann agus méid na Dála atá nasctha le daonra an Stáit. Foráiltear sa Bhunreacht go dtoghtar nó go gceaptar seanadóirí ar cheann de na trí bhealach seo a leanas:

1. Tofa ag ollscoileanna (seisear Seanadóirí)
2. Tofa ar rolla gairme (43 Seanadóir)
3. Ainmnithe ag an Taoiseach (11 Seanadóir)

Leagtar amach in Airteagal 18.5 go ndéanfar gach toghchán do Sheanad Éireann "de réir na hionadaíochta cionúire ... agus ar mhodh an aonghutha inaistrithe [PR-STV], le rúnbhallóid phoist." Cé go bhféadfaí an córas toghcháin do thoghcháin an tSeanaid a chur i gcomparáid mar sin le toghcháin eile in Éirinn, is iad toghcháin an tSeanaid an t-aon toghchán sa Stát ina gcaitear na vótaí sa phost go príomha seachas i láthair i stáisiún vótála. Tá gach saoránach Éireannach atá 21 bliain d'aois nó níos sine i dteideal a bheith ina seanadóirí, seachas i gcás roinnt eisceachtaí, ar nós daoine a bhfuil téarma príosúnachta níos mó ná sé mhí á cur isteach acu, agus daoine i ngairmeacha ar leith (m.sh. Teachtaí Dála, Gardaí, státseirbhísigh, comhaltaí den bhreithiúnacht).[15] Is é an aois vótála do thoghcháin an tSeanaid 18 mbliana d'aois.

I gcás na suíochán ollscoile, sonraítear in Airteagal 18.4.1° go dtoghfaidh Ollscoil Bhaile Átha Cliath (arb é Coláiste na Tríonóide an t-aon chomhcholáiste di) triúr comhaltaí, agus go dtoghfaidh Ollscoil na hÉireann (arb iad Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil na Gaillimhe, Ollscoil Mhá Nuad agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath na comhcholáistí di) an triúr eile. Ceadaítear sa Bhunreacht go sonrófar an ceart vótála do na toghcháin sin sa dlí, mar a leagadh amach ina dhiaidh sin in *Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937*, arna leasú.

Sa chleachtas, ceadaítear leis an Acht sin do chéimithe Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) triúr seanadóirí a thoghadh, agus toghann céimithe Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil na Gaillimhe, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus aon chomhcholáistí eile de chuid Ollscoil na hÉireann (OÉ) an triúr seanadóirí eile. Níl céimithe i dteideal vóta a chaitheamh seachas má tá siad 18 mbliana d'aois ar

Iaghad, más saoránaigh Éireannacha iad agus má tá céim seachas céim oinigh acu.

Leathnófar an ceart vótála do thoghadh na seanadóirí sin go mór sa chéad toghchán eile don Seanad mar gheall ar thabhairt isteach an toghlaigh Ardoideachais nua (féach Caibidil 10), mar a cheadaítear le hAirteagal 18.4.2° den Bhunreacht.

Sonraítear sa Bhunreacht freisin go gcaithfear 43 den seasca seanadóir a thoghadh ó na rollaí gairme a leagtar amach in Airteagal 18.7.1°. Glacadh an tsamhail ghairme sin i rith phróiseas dréachtaithe Bhunreacht na hÉireann ar mholadh an Choimisiúin a scrúdaigh na tairbhí a bhainfeadh leis an seomra uachtarach a athbhunú.[16] Tá cúig rolla ann san iomlán: Saíocht agus Oideachas, Talmhaíocht, Oibreachas, Tionscal agus Tráchtáil, agus Riarachán.

Is gá go mbeadh "eolas agus taithí phraiticiúil"[17] ar an réimse ábhartha ag iarrthóirí atá ag seasamh sa toghchán le haghaidh ceann de na rollaí sin. Is suntasach nach sonraítear sa Bhunreacht cé ba cheart a bheith incháilithe le vóta a chaitheamh sna toghcháin sin, ach go leagtar amach an ceart vótála ina áit sin in *Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947*, arna leasú. Tá gach comhairleoir agus Teachta Dála reatha agus na seanadóirí atá ag dul as oifig i dteideal vóta ar gach ceann de na cúig rolla faoin gcóras faoi láthair: fágann sé sin go bhfuil níos lú ná 1,200 vótálaí sa toghlacht sin. Sonraítear sa Bhunreacht gur cheart idir cúigear agus 11 iarrthóir a thoghadh ó gach rolla, agus tagann an líon sonrach a úsáidtear sa lá atá inniu ann ó Acht 1947 (féach Tábla 1).

Ainmnítear an 11 seanadóir eile de réir rogha an Taoisigh nuathofa.

**Tábla 1: Achoimre ar chomhdhéanamh an tSeanaid**

| Catagóir | Seanadóirí | Iomlán |
|---|---|---|
| **Comhaltaí Ollscoile** | | |
| • Ollscoil Bhaile Átha Cliath | 3 | |
| • Ollscoil na hÉireann | 3 | 6 |
| **Rolla-Chomhaltaí** | | |
| • Saíocht agus Oideachas | 5 | |
| • Talmhaíocht | 11 | |
| • Oibreachas | 11 | |
| • Tionscal agus Tráchtáil | 9 | |
| • Riarachán | 7 | 43 |
| **Ainmnithe ag an Taoiseach** | | 11 |
| Iomlán | | **60** |

# 7. Olltoghchán an tSeanaid, 2025

Rinne an tUachtarán an 33ú Dáil a lánscor ar iarratas an Taoisigh ag an am Dé hAoine, 8 Samhain 2024. Shocraigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag an am Dé hAoine, 29 Samhain, mar dháta an toghcháin Dála ina dhiaidh sin.

Deirtear in Airteagal 18.8 den Bhunreacht nach foláir "olltoghchán do Sheanad Éireann a bheith ann lá nach déanaí ná nócha lá d'éis lánscor do Dháil Éireann." Shínigh an tAire, dá bhrí sin, ar an 15 Samhain, na hOrduithe maidir leis an Lá Vótaíochta le haghaidh olltoghchán an tSeanaid a bhí le reáchtáil sular tháinig deireadh leis an tréimhse nócha lá sin. Leagadh amach sna hOrduithe maidir leis an Lá Vótaíochta sin freisin an t-am agus an dáta a bhainfeadh leis na príomhimeachtaí a bhí le tarlú mar chuid den phróiseas toghcháin (féach Tábla 2). Ba é an 29 Eanáir 2025 críochnú na vótaíochta le haghaidh na dtoghchán ollscoile, agus bhí críochnú na vótaíochta do thoghcháin na rollaí ar an 30 Eanáir 2025.

Murab ionann agus an Dáil, ní lánscoirtear an Seanad nuair a ghairtear toghchán. Ina áit sin, d'fhan comhaltaí an 26ú Seanad in oifig go dtí an lá roimh chríochnú na vótaíochta, mar a bhforáiltear dó in Airteagal 18.9 den Bhunreacht.

**Tábla 2: Príomhdhátaí Olltoghchán an tSeanaid, 2025**

| Dáta | Rolla-Chomhaltaí | Comhaltaí Ollscoile |
|---|---|---|
| **08/11/2024** | Lánscor an 33ú Dáil | |
| **15/11/2024** | Ordú maidir leis an Lá Vótaíochta eisithe ag an Aire | Ordú maidir leis an Lá Vótaíochta eisithe ag an Aire |
| **06/12/2024** | | Spriocdháta le haghaidh ainmniúchán (12:00) |
| **18/12/2024** | Spriocdháta le haghaidh ainmniúchán iarrthóirí ó chomhlachtaí ainmniúcháin (12:00) | |
| **30/12/2024** | | Eisiúint na bpáipéar ballóide |
| **31/12/2024** | Spriocdháta le haghaidh ainmniúchán iarrthóirí ó chomhaltaí Oireachtais (12:00) | |
| **08/01/2025** | Suíonn an Ceann Comhairimh Seanaid i dTeach Laighean chun na rollaí a chríochnú (11:00) | |
| **15/01/2025** | Eisiúint na bpáipéar ballóide | |
| **29/01/2025** | | Críochnú na vótaíochta (11:00) |
| **30/01/2025** | Críochnú na vótaíochta (11:00) | |




## Síntiúis agus speansais

Murab ionann agus toghcháin eile in Éirinn, ní leagtar amach aon srianta caiteachais sa dlí d'iarrthóirí i dtoghcháin an tSeanaid. Is iad na toghcháin don Seanad agus na toghcháin áitiúla an t-aon chineál toghcháin in Éirinn nach féidir le hiarrthóirí aon chuid dá speansais a éileamh ar ais.[18]

Leagtar amach na rialacha a bhaineann le síntiúis sa dlí toghcháin, an méid seo a leanas ina measc:

- Ach oiread le hionadaithe poiblí agus iarrthóirí toghcháin eile, ní fhéadfadh seanadóirí ná iarrthóirí i dtoghcháin an tSeanaid "síntiús is mó ná €1,000 a ghlacadh ó dhuine i mbliain ar leith. I gcás páirtí polaitíochta nó grúpa feachtais, ní fhéadfaidh an síntiús uasta a ghlactar a bheith níos mó ná €2,500. Tá cosc ar shíntiúis a ghlacadh ó dhuine nach saoránach d'Éirinn é nó í agus a bhfuil cónaí air nó uirthi thar lear."[19]
- "Bíonn ar iarrthóir ag toghchán Seanaid nach n-éiríonn leis nó léi, ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, laistigh de 56 lá ó chríochnú na vótaíochta ag an toghchán, ag léiriú an bhfuair siad aon shíntiúis ba mhó ná €600 don toghchán agus sonraí a thabhairt d'aon shíntiúis den sórt sin agus de na daoine a rinne iad. Bíonn ar gach comhalta den Seanad ráiteas síntiúis comhchosúil a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, faoin 31ú Eanáir gach bliain, i ndáil leis an mbliain fhéilire roimhe sin."[20]
- "Bíonn ar gach páirtí polaitíochta ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, faoin 31ú Márta gach bliain, ag léiriú an bhfuair siad aon shíntiúis ba mhó ná €2,500 agus ag tabhairt sonraí aon síntiús den sórt sin agus sonraí na ndaoine a rinne iad."[21]

# 8. Toghcháin Ollscoile

Féachtar leis an Athbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin seo freisin le cur síos agus meastóireacht a dhéanamh ar na toghcháin ollscoile agus rollaí a bhí ar bun mar chuid d'Olltoghchán an tSeanaid in 2025. Tosóimid leis an gcur síos agus an mheastóireacht ar na toghcháin ollscoile sa chaibidil seo, sula bpléitear toghcháin na rollaí i gCaibidil 9.

Mar chuid d'Olltoghchán an tSeanaid i mí Eanáir 2025, tharla dhá thoghchán ollscoile ag an am ceanna. Bhí triúr seanadóirí le toghadh ag céimithe Ollscoil na hÉireann, agus triúr ag céimithe Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Toisc gurb é Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) an t-aon chomhcholáiste in Ollscoil Bhaile Átha Cliath, tabharfar toghchán TCD ar an toghchán sin feasta sa tuarascáil seo.

## Cinn Chomhairimh

Sonraítear in alt 14 d'*Acht Toghacháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937* go mbeidh Propast an choláiste ina gceann comhairimh do thoghchán TCD, agus go mbeidh Leas-Seansailéir na hollscoile ina gceann comhairimh do thoghchán OÉ. Ba í an Dr Linda Doyle, Propast agus Uachtarán TCD, an ceann comhairimh do thoghchán TCD don Seanad in 2025.

Ceadaítear san Acht d'oifigeach eile den ollscoil ábhartha ról an chinn comhairimh a chomhlíonadh sa chás go bhfuil folúntas i gceann de na hoifigí thuasluaite, nó mura bhfuil an sealbhóir oifige in ann feidhmiú mar cheann comhairimh mar gheall ar dhrochshláinte nó ar aon chúis eile. Bhain OÉ leas as an bhforáil sin le haghaidh thoghchán 2025.

Ba é an Dr Patrick O'Leary, Cláraitheoir Ollscoil na hÉireann, an ceann comhairimh do thoghchán OÉ don Seanad in 2025.

## Clár na dToghthóirí

Le bheith incháilithe le vóta a chaitheamh sna toghcháin seo, b'éigean do chéimithe OÉ agus TCD a bheith cláraithe faoi mheán oíche ar an 26 Feabhra 2024.[22] Ní chláraítear céimithe go huathoibríoch do thoghcháin an tSeanaid nuair a bhaineann siad céim amach. Murab ionann agus aon toghchán eile in Éirinn, ní cheadaítear sa reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair aon chlár forlíontach ná clárúcháin dheireanacha a cheadú, agus ní fhoráiltear ach le haghaidh spriocdháta



bliantúil amháin (tá tuilleadh plé air sin i gCaibidil 11). Dá bhrí sin, níorbh féidir clárú le vótáil i dtoghchán an tSeanaid i rith an fheachtais, ná mar a tharla sa chás seo, ar feadh cúpla mí sular thosaigh sé. Ba é an spriocdháta oifigiúil ar a bhféadfadh vótálaithe a sonraí teagmhála a thabhairt cothrom le dáta, ach ní clárú, don toghchán seo an 29 Samhain 2024.[23]

Foilsíodh cláir toghthóirí OÉ agus TCD ar an 1 Meitheamh 2024. Ba é an líon iomlán toghthóirí le haghaidh thoghchán OÉ 112,832, agus ba é 76,019 an líon iomlán le haghaidh TCD.

Choinnigh an dá ollscoil a mbunachair sonraí féin ina raibh cáilíochtaí a gcéimithe faoi seach, chomh maith le sonraí pearsanta éagsúla ar nós ar chláraigh céimí le vóta a chaitheamh i dtoghcháin an tSeanaid. Is ó na bunachair sonraí sin a cruthaíodh cláir toghthóirí OÉ agus TCD. Go suntasach, má bhain toghthóir céim amach ó TCD agus OÉ araon, bhí siad i dteideal vóta a chaitheamh sa dá thoghchán.

Rinneadh na bunachair sonraí a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun a gcruinneas a fheabhsú. Mar shampla, má tuairiscíodh go bhfuair duine bás, nó má rinne duine iarratas go mbainfí den chlár iad, leasaíodh an clár. Cuireadh bearta eile i bhfeidhm freisin. Mar shampla, má seoladh páipéar ballóide ar ais chuig OÉ ar bhealach a thug le fios nach raibh an toghthóir ag an seoladh sin le haghaidh trí thoghchán as a chéile, agus nach raibh OÉ in ann dul i dteagmháil leis an toghthóir, baineadh an toghthóir den chlár. Bhí an Coimisiún tógtha leis an obair dhúthrachtach a rinne TCD agus OÉ chun a gcláir faoi seach a thabhairt cothrom le dáta agus sláine an phróisis toghcháin a chosaint.

Ach mar is amhlaidh atá le cláir toghthóirí eile in Éirinn, is léir go raibh toghthóirí atá básaithe ar na cláir chríochnaithe, chomh maith le sonraí teagmhála míchruinne do thoghthóirí eile. Bheadh na deacrachtaí sin thar a bheith deacair le leigheas ina n-iomláine leis an gcóras atá i bhfeidhm faoi láthair, toisc gur bhraith na húdaráis chlárúcháin go mór ar thoghthóirí nó ar a ndaoine muinteartha a chuirfeadh an ollscoil ar an eolas má fuair duine ar an gclár bás nó má bhog siad go seoladh nua.

Cruthaíonn míchruinnis dá leithéid fadhbanna ag imeachtaí toghcháin eile in Éirinn, toisc gur féidir cártaí faisnéise vótaíochta a chur chuig an seoladh mícheart, nó chuig toghthóirí a fuair bás. Is mó an baol go mbainfí mí-úsáid as ballóid i dtoghcháin ollscoile an tSeanaid, toisc go seoltar an páipéar ballóide sa phost chuig na toghthóirí ar fad agus d'fhéadfadh duine nach iad an toghthóirí beartaithe iad an bhallóid a chur ar ais, agus le dearbhú céannachta bréige. Cé nach dtugtar le fios go bhfuil mí-úsáid dá leithéid á baint as an gcóras faoi láthair, d'fhéadfadh a leithéid tarlú.





Tá clár na dtoghthóirí le haghaidh an toghlaigh Ardoideachais nua tagtha in áit chláir reatha OÉ agus TCD anois, agus is é OÉ an t-aon údarás clárúcháin don toghlach nua sin (féach Caibidil 11). Bhí ionadaithe an Choimisiúin an-tógtha go deo leis an obair a rinne OÉ chun bunú an chláir nua sin a éascú, rud a bhí le cur i gcrích i dtréimhse ghearr agus i rith reáchtáil thoghchán an tSeanaid in 2025.

Tugtar cumhacht don Choimisiún le halt 26 d'*Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024* chun taighde a choimisiúnú nó a dhéanamh ar chruinneas agus iomláine an chláir nua toghthóirí sin agus na gníomhaíochtaí a dhéanann institiúidí ainmnithe chun a chinntiú go gcláraíonn siad siúd atá i dteideal vóta a chaitheamh. Ceanglaítear leis an alt sin ar an gCoimisiún tuarascálacha a fhoilsiú ina dtugtar measúnú ar an gcaoi a gcoinnítear clár na dtoghthóirí, chomh maith le moltaí a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach chun sláine an chláir agus an phróisis clárúcháin a chothabháil nó a fheabhsú. Caithfear an chéad tuarascáil dá leithéid a fhoilsiú laistigh de dhá bhliain de thús feidhme alt 26 den Acht (.i. laistigh de dhá bhliain den 5 Nollaig 2024), agus gach dhá bliain ina dhiaidh sin. Féadfaidh an Coimisiún moltaí a dhéanamh agus caighdeáin a leagan síos i dtaobh úsáid agus chothabháil an chláir faoi alt 26(4).

De bharr an aistrithe go clár úrnua,[24] a mbeidh ar fiú toghthóirí atá cláraithe cheana féin iarratas a dhéanamh an athuair le dul air, tá deis ar leith ann cruinneas an rolla vótálaithe a fheabhsú. I rith ár gcuid cruinnithe le foirne toghcháin, chuir sé áthas ar an gCoimisiún cloisteáil faoi iarrachtaí chun seiceálacha cáilíochta níos cuimsithí a thabhairt isteach. Molaimid go ndéanfaí na bearta féideartha ar fad chun cruinneas an chláir nua a chinntiú.

## Ainmniúcháin

Níl aon cheanglas ann go mbeadh iarrthóir i dtoghcháin ollscoile an tSeanaid tar éis freastal ar an ollscoil sin ar chor ar bith, ná baint ar bith a bheith acu leis an ollscoil sin. Ach caithfidh gach ainmniúchán togra (moladh) a fháil ó thoghthóir cláraithe ón ollscoil ábhartha. Caithfidh toghthóir cláraithe eile cuidiú leis an ainmniú, agus caithfidh ochtar eile aontú leis: sin deichniúr san iomlán.

Ba é 12 meán lae ar an 6 Nollaig 2024 an spriocdháta le haghaidh ainmniúchán.

Ar an dáta sin, rinne na cinn chomhairimh athbhreithniú ar na páipéir ainmniúcháin ábhartha. Bhí iarrthóirí, a dtairgtheoirí agus a gcuiditheoirí, agus duine ainmnithe amháin eile in aghaidh an iarrthóra, i dteideal a bheith i láthair na n-imeachtaí sin, chomh maith le cúntóirí an chinn comhairimh. Bhí go dtí 1 i.n. ag iarrthóirí lena n-ainmniúchán a tharraingt siar, agus d'fhéadfadh tairgtheoir agus cuiditheoir an iarrthóra sin a dhéanamh



ar son an iarrthóra má bhí an t-iarrthóir lasmuigh d'Éirinn. D'fhéadfaidís siúd a bhí i láthair cur i gcoinne aon cheann de na páipéir ainmniúcháin a bhí á n-athbhreithniú ag an gceann comhairimh freisin. Nuair a bhí ainmniúchán iarrthóra ceadaithe ag an gceann comhairimh (faoi 1 i.n. ar an 6 Nollaig), bhí an cinneadh sin críochnaitheach agus ní fhéadfaí cur ina choinne sa chúirt.

Ag deireadh an phróisis sin, bhí dháréag iarrthóirí ag seasamh i dtoghchán OÉ agus 16 iarrthóir ag seasamh i dtoghchán TCD.

Tá gach iarrthóir atá ag seasamh i dtoghchán do rolla ollscoile i dteideal píosa amháin de litríocht eolais (an Litir um Thoghchán) a sheoladh chuig gach toghthóir sa toghlach ábhartha, saoráid a d'úsáid gach iarrthóir, seachas beirt, den 28 iarrthóir ollscoile i dtoghchán 2025. Clúdaíonn An Post costas an phearsantaithe agus an tseachadta (agus aisíocann an Státchiste é), agus clúdaíonn an t-iarrthóir costas an deartha agus na priontála.

D'oibrigh An Post le hiarrthóirí agus thug sonraí dóibh faoina 'gclódóirí creata' a roghnaíodh trí phróiseas soláthair iomaíoch, chomh maith le sonraíocht le haghaidh leagan amach na Litreach um Thoghchán. D'fhéadfadh na hiarrthóirí dul i dteagmháil le haon cheann de na clódóirí sin chun a Litir um Thoghchán a tháirgeadh, nó le clódóir eile dá rogha féin.

Moladh go bhféadfadh buntáiste a bheith ag baint leis an Litir um Thoghchán ó gach iarrthóir a sheoladh chuig na toghthóirí ag an am céanna. I ndiaidh an méid sin a phlé leis na páirtithe leasmhara, tuigtear dúinn go bhféadfadh sé sin dúshláin lóistíochta a chruthú, agus is cosúil nach bhfuil aon chomhaontú i measc na n-iarrthóirí faoin am i rith an fheachtais ar cheart seachadadh dá leithéid a dhéanamh.

## Ballóidí a eisiúint agus a sheachadadh

Is iad toghcháin ollscoile an tSeanaid na himeachtaí postvótála is mó, amach is amach, i ndaonlathas na hÉireann. Eisíodh clúdach don 188,851 toghthóir cláraithe ina raibh ábhair éagsúla, a bpáipéar ballóide ina measc, tríd an bpost tosaíochta cláraithe ar an 30 Nollaig 2024.

Caithfear gach toghchán Seanaid a dhéanamh "le rúnbhallóid phoist", de réir Airteagal 18.5 den Bhunreacht. Cuireadh tús leis an gceanglas go ndéanfaí na ballóidí i dtoghcháin ollscoile a chur sa phost cláraithe in Acht 1937 agus leanadh leis ó shin. Leagtar amach an sainmhíniú ar phost cláraithe in alt 16 den *Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011*.

D'oibrigh an dá ollscoil le cuideachta cumarsáide tráchtála chun ábhair a chur i gcló, agus le An Post chun na ballóidí ar fad a sheachadadh ar na toghthóirí. Roinn na hollscoileanna an fhaisnéis ábhartha óna mbunachair sonraí faoi seach leis na clódóirí agus An Post chun an próiseas sin a éascú. Ní dhearnadh ballóidí a chur i gcló i gceachtar de na hollscoileanna ná a chur sa phost uathu. Éascaíonn tarchur luath faisnéise chuig na soláthraithe seachtracha seachadadh tráthúil agus éifeachtúil. Ach caithfear a admháil freisin gur féidir leis an tréimhse sách gearr a bhaineann leis an bhfeachtas toghcháin fadhbanna a chruthú i roinnt luath na faisnéise.

Bhí barrachód ar leith a bhain leis an toghthóir féin ar gach clúdach, rud a d'fhág go raibh na clúdaigh ar fad inaitheanta. Den chéad uair riamh, priontáladh an barrachód go díreach ar an gclúdach, rud a chuir dlús leis an bpróiseas eisiúna. Níor chuir úsáid na mbarrachód isteach ar rúndacht na ballóide, toisc nach raibh an t-aitheantóir ar leith sin ar an gclúdach a seoladh ar ais chuig an gceann comhairimh.

Níl cead ach ag saoránaigh na hÉireann vóta a chaitheamh i dtoghcháin ollscoile an tSeanaid. Ach bhí toghthóirí i dteideal go seolfaí a bpáipéar ballóide chuig seoladh lasmuigh d'Éirinn, ionas go bhféadfadh vótálaithe nach gcónaíonn in Éirinn níos mó a vóta a chaitheamh thar lear. Murab ionann agus toghcháin eile, níl aon cheanglas ar thoghthóir a bheith ina gcónaí in Éirinn chun vóta a chaitheamh i dtoghchán ollscoile an tSeanaid.

De bharr dháta an toghcháin, eisíodh páipéir bhallóide ag buaicthréimhse na bliana do sheachadtaí poist go hidirnáisiúnta, agus i lár tréimhse saoire. Molann an Coimisiún obair An Post chun a chinntiú gur eisíodh agus gur seachadadh na páipéir bhallóide ar thoghthóirí Seanaid ar fud na tíre, agus lasmuigh d'Éirinn, d'ainneoin an bhrú agus na srianta oibríochta.

Toisc gur eisíodh na ballóidí sa phost cláraithe (mar a shonraítear in Acht 1937), teastaíonn síniú chun seachadadh a dheimhniú. Cinntíonn an síniú sin gur féidir na páipéir bhallóide a rianú ag gach céim den phróiseas poist, agus gur féidir a seachadadh sábháilte ar an toghthóir, nó ar sheoladh an toghthóra ar aon chuma, a chinntiú. Is suntasach go seoltar vótaí poist in imeachtaí toghcháin eile sa ghnáthphost agus nach gcaithfear síniú dá seachadadh dá bharr sin.

Dá bhrí sin, mura raibh an seolaí nó duine eile sa bhaile agus in ann síniú don litir, chuirfí ar ais chuig an oifig seachadta áitiúil í le go mbaileofaí ansin í. Sa chás sin, fágadh fógra Duillín Sa Bhosca ag an seoladh chun an faighteoir beartaithe a chur ar an eolas faoin seachadadh a cailleadh, an pointe bailiúcháin, na huaireanta oscailte, srl. Murar tháinig an toghthóir chuig an oifig seachadta ainmnithe le cruthúnas aitheantais bailí ar a raibh grianghraif laistigh de thrí lá oibre, seoladh an bhallóid ar ais chuig an ollscoil ábhartha (féach lch 24/5).

D'ainneoin na rialacha a bhaineann leis an bpost cláraithe, tugtar le fios san aiseolas a fuair an Coimisiún agus an dá ollscoil nár iarradh ar gach vótálaí síniú don seachadadh. Ba léir freisin nár éirigh le roinnt toghthóirí, go háirithe i bhfianaise an trátha bliana a bhí i gceist, a mballóidí a bhailiú ón bpointe bailiúcháin laistigh den trí lá ar coinníodh iad má chaill siad an chéad seachadadh. Thabharfadh fianaise starógach le fios, toisc nár iarradh síniúcháin, gur seachadadh roinnt páipéir bhallóide ar limistéir poist chomhroinnte agus ar sheoltaí nach raibh an toghthóir ina gcónaí ann níos mó. Molann an Coimisiún go ndéanfaí na nósanna imeachta a bhaineann le páipéir bhallóide an tSeanaid a sheachadadh sa phost cláraithe a chur i bhfeidhm go seasmhach ar fud na tíre, chun sláine an phróisis toghcháin a chinntiú.

Úsáideadh gnáthleagan amach don fhógra Duillín Sa Bhosca a fágadh do vótálaithe a chaill seachadadh, agus níor cuireadh in iúl gur páipéar ballóide Seanaid a bhí sa seachadadh a cailleadh. Molann an Coimisiún freisin go ndéanfaí an fhéidearthacht a bhainfeadh le cur in iúl go soiléir do vótálaithe gur chaill siad seachadadh a bpáipéir ballóide Seanaid a fhiosrú roimh an gcéad toghchán eile.


## Do vóta a chaitheamh

Bhí siad seo a leanas sa chlúdach a eisíodh do na toghthóirí ar fad:

1. Páipéar ballóide
2. Clúdach páipéar ballóide
3. Treoracha agus dearbhú céannachta
4. Clúdach aischuir

Bíonn an páipéar ballóide cosúil le ballóidí cineálacha toghcháin eile, agus bíonn grianghraf, ainm, gairm agus seoladh na n-iarrthóirí air. Sonraítear in Acht 1937 go gcaithfear dóthain eolais a thabhairt sa seoladh le go mbeidh an ceann comhairimh sásta go gcuirtear "in iúl go soiléir" cé hiad an t-iarrthóir. Tugtar liosta de na hiarrthóirí in ord aibítre, de réir a sloinne. Ní bhíonn aon stampa ná marc oifigiúil ar na páipéir bhallóide seo, ná cleamhnacht páirtí an iarrthóra, más ann dó. Bíonn na boscaí ina marcáiltear roghanna an toghthóra ar thaobh na láimhe clé den pháipéar, seachas ar dheis mar a bhíonn go hiondúil. Bíonn teideal an imeachta toghcháin agus cód ar leith a bhaineann leis an bpáipéar ballóide sin ar chúl an pháipéir ballóide.

**Sampla de chlúdach aischuir i dtoghchán OÉ**



Aithníonn an Coimisiún go mbainfeadh postvótáil thoghcháin an tSeanaid an bonn den éifeachtacht a bhaineann le páipéar ballóide a 'stampáil' mar a tharlaíonn i dtoghcháin eile, toisc go ndéantar an vótáil in áiteanna cónaithe na dtoghthóirí i rith tréimhse cúpla seachtain (a fhágann go mbeadh sé níos éasca an marc oifigiúil a athchruthú). Ach molann an Coimisiún go ndéanfaí stampa nó comhartha uisce caighdeánaithe a phriontáil ar gach páipéar ballóide amach anseo sula n-eisítear iad, rud a chuirfeadh ar chumas na bhfoirne comhairimh aon pháipéir bhallóide bhrionnaithe a shainaithint gan rúndacht na ballóide a shárú, ar an drochsheans go dtarlódh a leithéid. Áitíonn an Coimisiún nach léirítear ar chor ar bith go raibh páipéir bhallóide bhrionnaithe i láthair ag an toghchán Seanaid seo, ná ag aon cheann eile.

Ansin, cuireann an vótálaí a bpáipéar ballóide comhlánaithe isteach sa chlúdach páipéar ballóide a cuireadh ar fáil, agus séalaítear é.

Tugtar treoracha dátheangacha do na toghthóirí freisin faoin gcaoi lena mballóid a chomhlánú, chomh maith le dearbhú céannachta atá le síniú ag an toghthóir agus ag finné. Is gnáthchleachtas é i ndaonlathais eile go gceanglaítear orthu siúd atá ag baint leas as vóta poist dearbhú dá leithéid nó an clúdach aischuir féin a shíniú, agus éilíonn roinnt (an Nua-Shéalainn, mar shampla) síniú finné freisin. Féadfaidh aon duine a bhfuil aithne phearsanta acu ar an toghthóir a bheith ina bhfinné dóibh sna toghcháin ollscoile. Thabharfadh aiseolas a fuair an Coimisiún ó thoghthóirí Seanaid le fios nach raibh an pointe sin soiléir do roinnt toghthóirí. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún go leasófaí téacs na n-ábhar treorach chun é a dhéanamh soiléir gur féidir le haon duine a bhfuil aithne phearsanta acu ar an toghthóir ról an fhinné a chomhlíonadh, agus go gcaithfidh siad an dearbhú céannachta a shíniú.



Cuireann an vótálaí a gclúdach páipéar ballóide agus a ndearbhú céannachta isteach sa chlúdach aischuir ansin, agus déantar é a shéalú agus a sheoladh ar ais chuig an gceann comhairimh. Ní ghearrtar aon táille as an bpáipéar ballóide a sheoladh sa phost má dhéantar in Éirinn é. Caithfear na páipéir bhallóide a sheoladh ar ais sa phost.

Ní raibh siad siúd a bhí ag vótáil thar lear i dteideal a mballóid a sheoladh ar ais saor in aisce; ina áit sin bíonn orthu cibé táille a ghearrtar sa dlínse ina bhfuil siad a íoc. D'fhéadfadh go díspreagfadh na costais sin toghthóirí atá ina gcónaí thar lear, agus atá go hiomlán i dteideal páirt a ghlacadh sna toghcháin seo. Molann an Coimisiún go ndéanfaí tuilleadh scrúdaithe ar an gceist seo, agus go lorgófaí réitigh roimh thoghcháin amach anseo le nach mbainfí ceart vótála de chuid den toghlacht, go háirithe i bhfianaise an leathnaithe ar an gceart vótála a tugadh isteach leis an toghlach Ardoideachais nua.

Sheachaid An Post ballóidí comhlánaithe ar an dá ollscoil gach lá, áit a bhféadfaí iad a stóráil go dtí críochnú na vótaíochta. Bhí tionchar ag an drochaimsir roimh an Nollaig agus ag dúnadh Caergybi (Holyhead) i ndiaidh Stoirm Darragh ar chóras postais na hÉireann ó dheireadh 2024 go mí Eanáir 2025. Bhuail Stoirm Éowyn Éire Dé hAoine, 24 Eanáir, tráth a raibh an t-oileán ar fad faoi rabhadh aimsire dearg. Fágadh os cionn 760,000 áitreabh gan chumhacht in Éirinn, agus fágadh na mílte gan uisce freisin. Bhí os cionn 130,000 fós gan chumhacht ar chríochnú na vótaíochta Dé Céadaoin, 29 Eanáir.

Cuireadh seirbhísí poist ar fionraí de bharr an rabhaidh aimsire dheirg agus dúnadh roinnt oifigí poist Dé hAoine agus Dé Sathairn mar gheall ar chliseadh cumhachta. Ach rinne An Post seachadtaí agus bailiúcháin bhreise postais i gcaitheamh an deiridh seachtaine, rud a chinntigh go raibh na vótálaithe ar fad in ann a vóta a chaitheamh in am. Dheimhnigh An Post gur seachadadh gach ballóid a cuireadh sa phost faoin am deireanach postála Dé Máirt, 28 Eanáir (mar a shonraítear ar an mbosca poist nó san oifig phoist ábhartha) in am le haghaidh chríochnú na vótaíochta maidin lá arna mhárach.

## Ballóidí nár seachadadh

Ag gach toghchán ollscoile don Seanad, bíonn na mílte páipéar ballóide ann nach seachadtar ar chúiseanna difriúla. Trínar bplé leis na hollscoileanna agus An Post, d'éirigh sé soiléir nár seachadadh formhór na mballóidí nár seachadadh toisc nach raibh toghthóir sa bhaile tráth an tseachadta, agus go bhféadfaí líon sách mór a chatagóiriú mar neamhsheachadta toisc nach raibh aithne ar an toghthóir ag an seoladh, go raibh an toghthóir básaithe nó nach raibh an seoladh iomlán.

Má bhí toghthóir básaithe nó mura raibh aithne ar an toghthóir ag an seoladh seachadta beartaithe, seoladh an bhallóid ar ais chuig an ollscoil ábhartha láithreach. Má bhí toghthóir as baile tráth an tseachadta, seoladh an páipéar ballóide ar ais chuig an ollscoil ábhartha murar bailíodh é laistigh de thrí lá den iarracht an seachadadh a chur i gcrích.

**Tábla 3: Ballóidí neamhsheachadta agus atheisithe – Olltoghchán an tSeanaid, 2025**

| Ollscoil | Neamhsheachadta | Atheisithe | An Líon Iomlán Toghthóirí |
|---|---|---|---|
| **OÉ** | 19,810 (17.6%) | 491 (0.4%) | 112,832 |
| **TCD** | 14,388 (18.9%) | 409 (0.5%) | 76,019 |

(Figiúirí ó Ollscoil na hÉireann agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath).

Seoladh ballóidí nár seachadadh ar ais chuig na hollscoileanna i dteannta sheachadtaí laethúla An Post de na ballóidí comhlánaithe. Chuir An Post liosta ar fáil freisin ina raibh na cóid aitheantóra ar leith a priontáladh ar na ballóidí neamhsheachadta ar fad a bhí á gcur ar ais an lá sin. D'fhéadfadh an ollscoil na ballóidí neamhsheachadta a phróiseáil ansin lena mbunachair sonraí féin agus an barrachód ar leith ar an gclúdach.

Má chuaigh toghthóir cláraithe i dteagmháil lena n-ollscoil i ndiaidh an spriocdháta chun sonraí teagmhála a leasú chun a iarraidh go ndéanfaí a mballóid a atheisiúint chuig seoladh eile, nó go ndéanfaí í a atheisiúint chuig an seoladh céanna sa chás gur chaill siad an tréimhse bailiúcháin trí lá, d'éascaigh an dá ollscoil an atheisiúint sin. Níor éascaíodh athrú ar sheoladh ach i ndiaidh iarratas ar ríomhphost sna cásanna sin.

Tugadh sonraí na dtoghthóirí sin agus a seoltaí do na clódóirí, agus eisíodh ballóid nua. Ní fhéadfaí atheisiúint a dhéanamh ach amháin má seoladh an páipéar ballóide bunaidh ar ais agus má fuair an ollscoil é, chun vótáil dhúblach a sheachaint. I gcás vótálaithe ag seoltaí in Éirinn, atheisíodh ballóidí dóibh siúd a chuaigh i dteagmháil lena n-ollscoil faoi Dé Céadaoin, 22 Eanáir, seachtain amháin roimh chríochnú na vótaíochta.

Thug TCD liosta toghthóirí nár seachadadh a bpáipéir bhallóide d'iarrthóirí freisin, chun deis a thabhairt dóibh iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil leo go pearsanta.
I roinnt cásanna, tugadh páipéar ballóide ionaid do thoghthóirí freisin má tháinig siad chuig a n-ollscoil, dá bhféadfaidís a thaispeáint go ndearna siad damáiste dá mballóid trí thimpiste mar shampla.

Ba mhaith linn an dá ollscoil a mholadh as an dua sin a chaitheamh chun a chinntiú go raibh toghthóirí in ann vóta a chaitheamh. San iomlán, d'atheisigh OÉ 491 ballóid, agus d'atheisigh TCD 409 ballóid. Molann an Coimisiún go ndéanfaí tuilleadh machnaimh ar an bpróiseas a bhaineann faoi láthair le páipéir bhallóide nach seachadtar a bhailiú/a atheisiúint chun a chinntiú gur féidir lena mhéad toghthóirí agus is féidir a vóta a chaitheamh amach anseo.



## An comhaireamh

Bhí an comhaireamh do thoghchán OÉ ar siúl sa Serpentine Hall i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) i mBaile Átha Cliath 4 ar an 29 agus 30 Eanáir. Bhí an comhaireamh do thoghchán TCD ar siúl i Halla na Scrúduithe sa choláiste, i mBaile Átha Cliath 2, ar an 29, 30 agus 31 Eanáir.

Chríochnaigh an vótáil sa dá thoghchán ag 11 r.n. Dé Céadaoin, 29 Eanáir. Tugadh boscaí ballóide séalaithe a bhí lán le clúdaigh a seoladh ar ais chuig an dá ionad comhairimh, agus rinne An Post seachadadh deiridh ar na hionaid chomhairimh ar mhaidin an chomhairimh. Seiceáladh boscaí poist na n-ollscoileanna freisin den uair dheireanach ag 11 r.n. d'aon bhallóid a tháinig ag an nóiméad deireanach. Malartaíodh líon beag de pháipéir bhallóide a chuaigh go dtí an ollscoil mhícheart sular cuireadh tús leis an bpróiseas comhairimh.

San iomlán, fuair OÉ 38,109 clúdach aischuir faoi chríochnú na vótaíochta, arb ionann é agus 33.8% de na toghthóirí (vótaí ar diúltaíodh dóibh níos deireanaí i ndiaidh iad a oscailt nó a measadh go raibh siad millte ina measc). San iomlán, fuair TCD 18,830, arb ionann é agus 24.8% de na toghthóirí (vótaí ar diúltaíodh dóibh níos deireanaí i ndiaidh iad a oscailt nó a measadh go raibh siad millte ina measc). Tháinig 1,652 ballóid eile mall go OÉ (1.5% de na vótálaithe cláraithe), agus tháinig 508 mall go TCD (0.7% de na vótálaithe cláraithe). Níor osclaíodh ná níor comhaireadh iad sin, agus tá siad le stóráil ag na hollscoileanna faoi seach ar feadh sé mhí. Is dócha gur chuir fadhbanna le cruinneas an dá chlár (seoltaí míchearta, toghthóirí básaithe, srl.) leis an gcéatadán íseal sin.

I láthair ag gach ionad comhairimh, bhí na cinn chomhairimh faoi seach, foireann comhairimh, agus gníomhaire toghcháin chun an próiseas a mhaoirsiú. Mar a tharlaíonn in imeachtaí toghcháin eile na hÉireann, leagadh na hionaid chomhairimh amach ar bhealach a d'fhág go bhféadfadh iarrthóirí, oibrithe teailí agus páirtithe leasmhara eile breathnú ar an bpróiseas de réir mar a tharla sé, agus inneachar na bpáipéar ballóide a scrúdú. Bhí an dá ionad comhairimh ar oscailt don phobal agus do na meáin.





Tá trédhearcacht ár bpróiseas toghcháin riachtanach do shláinte ár ndaonlathais, agus bhí an Coimisiún tógtha le hoscailteacht an phróisis comhairimh san RDS agus in TCD araon.

Osclaíodh na clúdaigh aischuir ar dtús chun na clúdaigh páipéar ballóide laistigh díobh a scaradh ó na dearbhuithe céannachta. Scrúdaíodh na dearbhuithe céannachta chun a sheiceáil ar shínigh an toghthóir agus finné iad. D'aontaigh na hollscoileanna agus na hiarrthóirí ar chur chuige comónta, solúbtha don phróiseas scrúdaithe sin, de réir na reachtaíochta, agus mar sin má bhí dhá shíniú ar an dearbhú céannachta, measadh go raibh sé bailí. Ní dhearnadh síniúcháin a sheiceáil in aghaidh aon bhunachair sonraí, ná ní dhearnadh aon ghrinnscrúdú ar cháilíocht ná ar inneachar na síniúchán. Sheachain an cur chuige praiticiúil sin an fhéidearthacht go mbeadh moill shuntasach ar an gcomhaireamh; ach tarraingíonn sé anuas ceisteanna faoina mhéad a mbíonn tionchar ábhartha suntasach ag na dearbhuithe ar shláine an phróisis toghcháin a chinntiú.

Mura raibh dearbhú céannachta comhlánaithe le feiceáil láithreach, osclaíodh an clúdach páipéar ballóide ansin chun a chinntiú nár cuireadh isteach ansin é trí thimpiste. Má thángthas ar dhearbhú bailí ansin, cuireadh an vóta ar aghaidh lena chomhaireamh mar is iondúil. Níor baineadh páipéar ballóide ón gclúdach páipéar ballóide ag céim ar bith den phróiseas seo, chun rúndacht an vóta a chaomhnú. Mura bhfuarthas dearbhú bailí ag an bpointe seo, measadh gur diúltaíodh don vóta ag an oscailt agus níor comhaireadh é sa vóta iomlán. Diúltaíodh do 1,995 ballóid OÉ (5.2% de chlúdaigh aischuir) agus 1,009 ballóid TCD (5.4% de chlúdaigh aischuir) ag an oscailt. D'fháilteodh an Coimisiún, ar mhaithe le trédhearcacht, go bhfoilseofaí na figiúirí sin amach anseo, fiú mura n-áirítear sa vóta iomlán iad.

Thosaigh an fhoireann comhairimh ag baint na bpáipéar ballóide ansin as na clúdaigh páipéar ballóide agus á sórtáil ina mbeart de 100 ballóid. Leagadh na páipéir bhallóide amach le go bhfeicfeadh na breathnóirí a bhí i láthair iad, rud a d'uasmhéadaigh an trédhearcacht agus a d'éascaigh teailithe. Ag an gcéim seo, sainaithníodh na ballóidí a rabhthas in amhras fúthu (ballóidí a d'fhéadfadh gur vótaí millte iad) agus thug an ceann comhairimh breithiúnas orthu ina dhiaidh sin i láthair iarrthóirí agus a ngníomhairí. Bhí líon na vótaí millte íseal:

37 in OÉ agus 24 in TCD, arb ionann é agus thart ar 0.1% den vótáil iomlán i ngach ollscoil. Milleadh páipéir bhallóide ar bhealaí éagsúla, ina measc cuid díobh a bhí go hiomlán bán, cuid díobh a thug níos mó ná príomhrogha amháin, agus cuid a raibh níos mó ná marc ✓ nó X amháin orthu.

Roghnaigh TCD na clúdaigh a oscailt de láimh i gcaitheamh an lae, a bhí níos moille mar phróiseas. Bhain OÉ leas as meaisíní chun cabhrú leis na clúdaigh a oscailt. Cé go raibh sé sin níos éifeachtúla agus gur laghdaigh sé go mór an t-am a thóg an próiseas, chruthaigh sé roinnt fadhbanna. De réir mar a bhí na clúdaigh páipéar ballóide níos lú á ngearradh oscailte, rinneadh damáiste do líon beag de na páipéir bhallóide trí thimpiste, agus gearradh cuid díobh ina dhá leath. Sainaithníodh an fhadhb sin go tapa, agus baineadh úsáid as téip chun na páipéir bhallóide a ndearnadh damáiste dóibh a dheisiú sular cuireadh tús leis an gcomhaireamh. Níor measadh go raibh aon pháipéar ballóide neamhbhailí ná níor cuireadh aon vóta as an áireamh mar gheall ar an earráid sin. Ghlac an ceann comhairimh cinneadh na clúdaigh a oscailt ar an imeall gearr seachas ar an imeall fada chun aon damáiste mór eile do na páipéir bhallóide a sheachaint, agus réitigh sé sin an fhadhb láithreach.

I ndiaidh na ballóidí a chomhaireamh agus a chur i mbearta de 100 ballóid, agus an vótáil iomlán a ríomh, cuireadh i bpoill chlóiséidín iad ansin de réir an iarrthóra a fuair an vóta príomhrogha. Ansin comhaireadh na vótaí príomhrogha a fuair gach iarrthóir. Bhí ionadaithe an Choimisiúin ag an dá ionad comhairimh sásta go raibh go leor céimeanna ina gcuid den phróiseas comhairimh chun cruinneas na dtorthaí a chinntiú, agus go raibh na cinn chomhairimh agus a bhfoirne thar a bheith cúramach chun sláine an phróisis a chomhlíonadh. Sa chás go raibh aon amhras ann faoi chruinneas toraidh, rinneadh seiceálacha breise chomh maith leis na spotseiceálacha rialta a rinneadh i gcaitheamh an phróisis.

Mar a tharlaíonn i dtoghchán Dála, comhaireadh vótaí príomhrogha sa chéad chomhaireamh. Nuair a bhain iarrthóir an cuóta amach ar an gcomhaireamh sin, measadh iad a bheith tofa. Ba é 36,114 an vóta bailí iomlán do OÉ, le cuóta 9,029. I dtoghchán TCD, ba é 17,797 an vóta bailí iomlán, le cuóta 4,450. Tá an fhoirmle chun an cuóta a ríomh i ngach toghchán Seanaid díreach mar an gcéanna leis an bhfoirmle a úsáidtear i dtoghcháin eile na hÉireann:

$$\left(\frac{\text{VÓTÁIL BHAILÍ IOMLÁN}}{\text{LÍON SUÍOCHÁN + 1}}\right) + 1$$

Mar shampla, samhlaigh go reáchtáiltear toghchán i dtoghlach A. Is é 10,000 an vótáil bhailí iomlán (an líon vótaí neamh-mhillte). Tá trí shuíochán ar fáil sa toghlach. 3 + 1 = 4, mar sin roinnimid 10,000 ar 4, a fhágann muid le 2,500. Is é an cuóta vótaí a theastaíonn chun go measfar iarrthóir a bheith tofa mar sin ná 2,500 + 1 = **2,501**.

Mar a tharlaíonn i dtoghchán Dála, sna comhairimh ina dhiaidh sin, rinneadh an chéad rogha eile ar bhallóidí iarrthóirí a cuireadh as an áireamh[25] nó an chéad rogha eile ó bhallóidí farasbairr iarrthóirí tofa a chomhaireamh.[26]

Tháinig deireadh le comhaireamh OÉ tráthnóna Déardaoin, 30 Eanáir, nuair a toghadh triúr seanadóirí. Faoin tráthnóna sin, measadh go raibh beirt seanadóirí ó rolla TCD tofa freisin.

Nuair a chríochnaigh próiseas comhairimh TCD, bhí an t-iarrthóir a bhí sa cheathrú háit 31 vóta taobh thiar den iarrthóir sa tríú háit. D'iarr an t-iarrthóir a bhí sa cheathrú háit athchomhaireamh iomlán. De bharr Acht 1937, bíonn iarrthóirí i dteideal athchomhaireamh ar roinnt de na ballóidí nó na ballóidí ar fad ón gcomhaireamh is deireanaí. Ach ní dhéantar athchomhaireamh iomlán ach faoi rogha an chinn comhairimh. I ndiaidh comhairle dlí a fháil, d'aontaigh an ceann comhairimh athchomhaireamh simplí a thosú Dé hAoine, 31 Eanáir. I ndiaidh an athchomhairimh, mhéadaigh an bhearna idir na hiarrthóirí go 64 vóta agus measadh go raibh an t-iarrthóir sa tríú háit tofa dá bhrí sin, rud a chuir deireadh le toghcháin ollscoile an tSeanaid in 2025.

Stórálann na hollscoileanna na páipéir bhallóide faoi seach ar feadh sé mhí i ndiaidh an toghcháin.

**Tábla 4: Staitisticí an Toghcháin Ollscoile**

| | OÉ | TCD |
|---|---|---|
| **An Líon Iomlán Toghthóirí** | 112,832 | 76,019 |
| **Clúdaigh Aischuir a Fuarthas** | 38,109 | 18,830 |
| **Diúltaithe ag an Oscailt (Neamhiomlán)** | 1,995 | 1,009 |
| **Vótáil Iomlán** | 36,151 | 17,821 |
| **Neamhbhailí (Millte)** | 37 | 24 |
| **Vótáil Bhailí Iomlán** | 36,114 | 17,797 |
| **Cuóta** | 9,029 | 4,450 |
| **Seachadadh Mall** | 1,652 | 508 |

(Figiúirí ó Ollscoil na hÉireann agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath).



## Inrochtaineacht

Seachnaíonn úsáid na postvótála do chách na deacrachtaí inrochtaineachta a bhíonn ag baint le stáisiúin vótála uaireanta, rud ar dhírigh trí PEER an Choimisiúin air roimhe seo (cé gur féidir le toghthóirí faoi mhíchumas iarratas a dhéanamh ar vóta poist ag imeachtaí toghcháin eile). Tugann an tréimhse vótála shínithe deis níos fearr do na toghthóirí ar fad a vóta a chaitheamh freisin, go háirithe ina gcás siúd a d'fhéadfadh a bheith thar lear nó ag obair ar lá vótála ar leith.

I gcás imeachtaí toghcháin eile, tá toghthóirí atá ag staidéar in institiúidí tríú leibhéal Éireannacha agus nach bhfuil ina gcónaí sa bhaile, agus iad siúd a bhfuil tinneas nó míchumas orthu, ar péire de na grúpaí atá incháilithe le haghaidh vóta poist. D'fhéadfadh costais choisctheacha agus/nó sceidil a bheith ag baint le teastas tinnis nó míchumais a fháil ó lia-chleachtóir. Is féidir leis na sceidil lena mbaineann é a dhéanamh deacair ar mhic léinn agus toghthóirí ar a bhfuil tinneas nó míchumas teastas a fháil agus clárú don vóta poist roimh an spriocdháta. Mar gheall ar an gceart uathoibríoch don vóta poist i dtoghcháin an tSeanaid, bíonn an vótáil saor in aisce dóibh siúd a chónaíonn in Éirinn, agus ní bhíonn sceidil shrianta clárúcháin ag cur isteach orthu.

Sainaithníodh i g*Clár Taighde 2024–2026* de chuid an Choimisiúin an fhéidearthacht go leathnófaí an phostvótáil mar thionscadal taighde tosaíochta. Déanfar ár mbreathnóireachtaí ar an bpostvótáil mar chuid de thoghchán an tSeanaid a mheas mar chuid den taighde sin, na tairbhí féideartha a bhaineann le postvótáil i dtéarmaí a hinrochtaineachta do thoghthóirí ina measc. Ach teastóidh machnamh i dtaighde mar sin ar na rioscaí féideartha a bhaineann le postvótáil do shlándáil agus sláine an phróisis toghcháin freisin.[27]

Thug an dá ollscoil le fios go soiléir go mbeidís sásta cabhrú le vótálaithe faoi mhíchumas le haon fhadhb a bheadh acu i gcomhlánú a bpáipéir ballóide, agus tugadh tacaíocht do vótálaithe faoi mhíchumas i líon beag cásanna i rith thoghchán 2025. B'údar áthais don Choimisiún a fheiceáil go raibh an dá ionad comhairimh inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus go raibh spás iontu do bhreathnóirí le bogadh thart sa halla. Postáladh torthaí ar líne freisin i gcaitheamh an dá chomhaireamh.

Tá tábhacht ollmhór le hinrochtaineacht an phróisis toghcháin le haghaidh na dtoghthóirí ar fad. Cé go n-aithnítear na tairbhí inrochtaineachta, creideann an Coimisiún go bhfuil féidearthachtaí ann tuilleadh tacaíochtaí a chur ar fáil do thoghthóirí a bhfuil tinneas nó míchumas orthu, go háirithe iad siúd a bhfuil lagú radhairc orthu. Molann an Coimisiún go gcuirfí tacaíochtaí breise, feabhsaithe ar fáil do thoghthóirí ar a bhfuil tinneas nó míchumas ag an gcéad olltoghchán eile don Seanad.

Chun inrochtaineacht an phróisis dhaonlathaigh a fheabhsú tuilleadh do chách, molann an Coimisiún go ndéanfaí na fógraí ar fad in ionaid chomhairimh ag toghcháin don toghlach Ardoideachais i nGaeilge, i mBéarla agus i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann.



# 9. Toghcháin na Rollaí

Bhí cúig thoghchán ar leith do na cúig rolla gairme a leagtar amach i mBunreacht na hÉireann (Saíocht agus Oideachas, Talmhaíocht, Oibreachas, Tionscal agus Tráchtáil, agus Riarachán) ina gcuid d'Olltoghchán an tSeanaid in 2025. Bhí Teachtaí Dála agus comhairleoirí reatha agus seanadóirí a bhí ag dul as oifig sa toghlacht: 1,172 toghthóir san iomlán. Ba é Cléireach Sheanad Éireann, Martin Groves, an ceann comhairimh do na toghcháin sin, ar a dtugtar an Ceann Comhairimh Seanaid.

## Ainmniúcháin agus fo-rollaí

Tá dhá bhealach le hiarrthóir a chur ar rolla.

1. Ainmniúchán a fháil ó chomhlacht ainmniúcháin.
2. Ainmniúchán a fháil ó cheathrar comhaltaí den Oireachtas.

Caithfidh eagraíochtaí a bheith ar an gclár comhlachtaí a choinníonn agus a nuashonraíonn Cléireach Sheanad Éireann gach bliain chun cáiliú mar chomhlacht ainmniúcháin. Caithfidh baint a bheith ag an gcomhlacht ainmniúcháin "go príomha le gnóthaí agus seirbhísí" a bhaineann le rolla ar leith.[28] Ní fhéadfaidh comhlacht ainmniúcháin a bheith cláraithe chun iarrthóirí a ainmniú ar níos mó ná rolla amháin. Braitheann an líon iarrthóirí is féidir le comhlacht ar leith a ainmniú ar an toghchán agus leagtar amach go mionsonraithe é in alt 22 d'*Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947*. Ba é 12 meán lae ar an 18 Nollaig 2024 an spriocdháta le haghaidh ainmniúchán ó chomhlachtaí ainmniúcháin.

Faoi alt 25 d'Acht 1947, féadfaidh ceathrar comhaltaí Oireachtais iarrthóirí a ainmniú freisin, bíodh Teachtaí Dála, seanadóirí nó meascán díobh i gceist. Bhí gach comhalta reatha den Oireachtas i dteideal iarrthóir amháin a ainmniú d'Olltoghchán an tSeanaid in 2025 le dul ar cheann de na cúig rolla. Ba é 12 meán lae ar an 31 Nollaig 2024 an spriocdháta le haghaidh ainmniúchán ó chomhaltaí an Oireachtais.

Is suntasach gur féidir iarrthóir a ainmniú gan toiliú a fháil uathu. Níl aon fhoráil sa dlí ach an oiread do tharraingt siar páipéir ainmniúcháin (ag comhlacht ainmniúcháin, ainmnitheoirí Oireachtais, ná ag an iarrthóir) i ndiaidh iad a chur faoi bhráid an Chinn Comhairimh Seanaid. Molann an Coimisiún go leasófaí an dlí chun a chinntiú nach mbíonn aon iarrthóir ar pháipéar ballóide gan a dtoiliú a thabhairt.

Roinntear na cúig rolla ina dhá 'fho-rolla':

1. Fo-rolla comhlachtaí ainmniúcháin
2. Fo-rolla Oireachtais

Bíonn iarrthóirí a ainmníonn comhlacht ainmniúcháin ar an bhfo-rolla comhlachtaí ainmniúcháin, agus bíonn na hiarrthóirí a ainmníonn comhaltaí an Oireachtais ar an bhfo-rolla Oireachtais. Tugtar na fo-rollaí 'amuigh' agus 'istigh' faoi seach ar na fo-rollaí sin go neamhfhoirmiúil scaití. Cé go mbíonn iarrthóirí ón dá fho-rolla ar an bpáipéar ballóide céanna, is gné thábhachtach iad na fo-rollaí den phróiseas toghcháin seo toisc go gcaithfear íosmhéid iarrthóirí a ainmniú (féach lch 32) agus a thoghadh (féach lch 38) i gcónaí ó gach fo-rolla.

## Rollaí a chríochnú

I ndiaidh dhúnadh na n-ainmniúchán, thionóil an Ceann Comhairimh Seanaid suí ag 11 r.n. ar an 8 Eanáir i dTeach Laighean chun na cúig rolla a chríochnú de réir alt 43 d'Acht 1947. Ní chraoltar an seisiún sin agus ní fhoilsítear sonraí na n-imeachtaí. Foráiltear in alt 40 d'Acht 1947 nach bhféadfaidh ach daoine sonracha a bheith i láthair. Bhí




ionadaithe an Choimisiúin Toghcháin i láthair ag an suí ar an 8 Eanáir 2025; scaoileadh isteach iad faoin bhforáil iarmharach in alt 40(f) a thugann rogha don cheann comhaireamh daoine a ligean isteach.

Mar atá thuasluaite, éilíodh ar na hiarrthóirí ar fad idir eolas agus taithí phraiticiúil a léiriú i réimse atá ábhartha don rolla ar sheas siad sa toghchán dó. I rith an tsuí sin, rialaigh an ceann comhairimh ar bhailíocht gach páipéir ainmniúcháin agus ar bhailíocht gach ainmniúcháin iontu. Bhí an Breitheamh Richard Humphreys ón Ard-Chúirt i láthair chun gníomhú mar réiteoir breithiúntais. Bhí an ceann comhairimh, chomh maith le haon iarrthóirí agus gníomhairí a bhí i láthair, i dteideal aon cheist faoi bhailíocht na n-ainmniúchán a tharchur chuig an mBreitheamh Humphreys, a raibh a rialuithe críochnaitheach.

Mheas an ceann comhairimh go raibh na páipéir ainmniúcháin ar fad bailí, agus tarchuireadh ainmniúchán iarrthóra amháin chuig an réiteoir breithiúntais. Rialaigh an Breitheamh Humphreys nach raibh an t-iarrthóir ábhartha cáilithe, agus baineadh iad dá bhrí sin ón bhfo-rolla comhlachtaí ainmniúcháin den Rolla Talmhaíochta. Ní fhéadfaidh iarrthóir a bheith ar dhá rolla ná ar dhá fho-rolla dhifriúla. I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar na páipéir ainmniúcháin, bhí beirt iarrthóirí ar dhá fho-rolla an duine. Iarradh ar an mbeirt acu ceann amháin a roghnú agus scriosadh den cheann eile iad.

Caithfidh an líon iarrthóirí a ainmnítear ó gach fo-rolla a bheith níos airde faoi bheirt ar a laghad ná an t-uaslíon iarrthóirí is féidir a thoghadh ón bhfo-rolla sin (féach Tábla 6). Mar shampla, is féidir suas le ceathrar a thoghadh ó ceachtar fo-rolla den Rolla Riaracháin, mar sin teastaíonn seisear iarrthóirí ar a laghad ó gach fo-rolla ar pháipéar ballóide an Rolla Riaracháin.

Bhí na fo-rollaí Oireachtais don Rolla Saíochta agus Oideachais agus don Rolla Oibreachais gann duine amháin

don tairseach sin. Mar a bhforáiltear dó faoi fhorálacha Acht 1947, chuir an ceann comhairimh na himeachtaí ar atráth ar feadh scaithimh chun a iarraidh ar an Taoiseach iarrthóir nua a ainmniú ar an dá fho-rolla sin, rud a rinne sé. Bhí na deich bhfo-rolla críochnaithe mar sin.

Foilsíodh na rollaí críochnaithe agus Rolla na dToghthóirí de na toghthóirí incháilithe ar fad in Iris Oifigiúil an 10 Eanáir 2025.

## Páipéir bhallóide a eisiúint agus a chur ar ais

Ullmhaíodh páipéir bhallóide le haghaidh thoghcháin na rollaí i dTeach Laighean, agus eisíodh iad go díreach uaidh, ar an 15 Eanáir 2025.

Bhí dath difriúil ar pháipéar ballóide gach rolla chun aon mhearbhall ar an vótálaí nó ar an bhfoireann comhairimh a sheachaint. Thug an Coimisiún ar aird go bhféadfaí na dathanna geala a úsáid ag imeachtaí toghcháin eile chun cabhrú leis an vótálaí idirdhealú a dhéanamh idir na páipéir bhallóide, vótálaithe a bhfuil lagú radhairc orthu go háirithe.

Tugtar an líon iarrthóirí ar gach rolla anseo a leanas:

**Tábla 5: An líon iarrthóirí i ngach toghchán rolla**

| | |
|---|---|
| Saíocht agus Oideachas | 21 |
| Talmhaíocht | 28 |
| Oibreachas | 19 |
| Tionscal agus Tráchtáil | 27 |
| Riarachán | 17 |

Mar a tharlaíonn in imeachtaí toghcháin eile, tugadh liosta de na hiarrthóirí in ord aibítre de réir sloinne, agus tugadh a ngrianghraf, a seoladh agus a slí bheatha ar an bpáipéar ballóide. Ach, rud nach dtarlaíonn go hiondúil i dtoghcháin in Éirinn, bhí dhá cholún iarrthóirí ar gach páipéar ballóide, seachas liosta ingearach amháin. Mar a tharla i dtoghcháin OÉ agus TCD, bhí na boscaí ina bhféadfaí na roghanna a mharcáil ar thaobh na láimhe clé de na hiarrthóirí, rud nach mbíonn i gceist le haon toghchán Éireannach eile. Priontáladh uimhir ar leith ar chúl gach páipéir ballóide agus, murab ionann agus na toghcháin ollscoile, bhí stampa oifigiúil ar gach páipéar ballóide.

Luadh an fo-rolla a raibh an t-iarrthóir ag seasamh sa toghchán dó faoi sheoladh agus slí bheatha an iarrthóra freisin. Níor luadh an comhlacht ainmniúcháin ná na comhaltaí Oireachtais a d'ainmnigh iad. Níor roinneadh na hiarrthóirí de réir a bhfo-rollaí féin ar an bpáipéar ballóide (tugadh liosta na n-iarrthóirí bunaithe ar ord aibítre a sloinne). Ní raibh cleamhnacht pholaitiúil an iarrthóra, dá mba ann dó, ar an bpáipéar ballóide ach an oiread, mar a tharla i dtoghcháin OÉ agus TCD. Eisíodh na páipéir bhallóide ar fad tríd an bpost cláraithe ar an 15 Eanáir, agus stóráladh na comhdhuillí ar fad i dTeach Laighean go slán.

Tá an próiseas chun aitheantas an vótálaí a dheimhniú i bhfad níos déine sna toghcháin seo ná sna toghcháin ollscoile. Éilítear ar na toghthóirí a bpáipéir bhallóide a chomhlánú i láthair duine údaraithe, is é sin:

- Cléireach nó Leas-Chléireach an tSeanaid nó na Dála
- Cláraitheoirí contae/cathrach
- Sirriamaí contae/cathrach
- Príomhfheidhmeannaigh agus rúnaithe údaráis áitiúil
- Ceannfoirt an Gharda Síochána nó, i gcásanna áirithe, cigirí an Gharda Síochána
- Oifigigh príosúin ainmnithe sa chás go bhfuil an toghthóir sa phríosún

Ní shonraítear in Acht 1947 cár cheart vóta a chaitheamh, ach bhain formhór na vótálaithe leas as an stáisiún vótála a shocraigh Cléireach agus Leas-Chléireach an tSeanaid i dTeach Laighean, nó oifigí na ndaoine údaraithe thuasluaite.

Ní thugtar an dearbhú céannachta leis na páipéir bhallóide agus caithfear í a fháil ina áit sin ón duine údaraithe nuair atá na ballóidí á gcomhlánú.

I ndiaidh na cúig pháipéar ballóide a chomhlánú, cuireann an toghthóir sa chlúdach páipéar ballóide iad. Déantar an clúdach páipéar ballóide sin, agus an dearbhú céannachta comhlánaithe, a chur san fhorchlúdach atá le seoladh chuig an gceann comhairimh. Síníonn an duine údaraithe an séala ansin a thug an ceann comhairimh dóibh agus úsáideann é chun an forchlúdach a dhúnadh go slán.

Caithfear an forchlúdach a chur chuig an gCeann Comhairimh Seanaid sa phost cláraithe i gcónaí, fiú má comhlánaíodh na páipéir bhallóide ina láthair i dTeach Laighean. Cinntíonn sé sin go mbíonn gach toghthóir ar fud na tíre faoi réir na nósanna imeachta agus na gceanglas céanna.

Féadfar páipéir bhallóide a atheisiúint i gcúinsí sonracha a shainmhínítear in ailt 49(2) agus 51(2) d'Acht 1947. Bíonn na páipéir bhallóide sin liath, ionas gur féidir iad a shainaithint agus a bhailíochtú go héasca i rith an phróisis comhairimh.

Nuair a fuair an ceann comhairimh na páipéir bhallóide, stóráladh iad i mboscaí ballóide i dTeach Laighean go dtí críochnú na vótaíochta.

## An comhaireamh

Ag 11 r.n. Déardaoin, 30 Eanáir, thug uiséirí Oireachtais na boscaí ballóide ina raibh na forchlúdaigh do thoghcháin rollaí an tSeanaid go dtí Bialann na gComhaltaí i dTeach Laighean. Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairimh ansin agus lean sé ar aghaidh ar feadh cúig lá go dtí tráthnóna Dé Luain, 3 Feabhra 2025.

Murab ionann agus toghcháin OÉ agus TCD, ní bhíonn comhaireamh na rollaí ar oscailt ach dóibh siúd a fuair cead a bheith i láthair roimh ré, mar gheall ar an spás sách srianta agus na bearta slándála a bhíonn i bhfeidhm i dTeach Laighean. Leagadh amach Bialann na gComhaltaí i gcruth crú capaill, leis na breathnóirí coinnithe i limistéar sách cúng feadh imeall an tseomra agus an comhaireamh ar bun ina lár.

Rinneadh beoshruthú ar an gcomhaireamh ionas go bhféadfadh na páirtithe leasmhara ar fad nach raibh i láthair breathnú air, agus postáladh an nuacht is deireanaí ar shuíomh gréasáin agus cainéil meán sóisialta Thithe an Oireachtais go rialta. Bhí foireann thiomnaithe i láthair chun a chinntiú gur éascaíodh é sin ar fad.

I ndiaidh an séala a bhaint de na boscaí ballóide agus iad a fholmhú, comhaireadh na forchlúdaigh a bhí iontu. Fuair an Ceann Comhairimh Seanaid 1,164 forchlúdach san iomlán faoi chríoch na vótaíochta, as toghlacht iomlán 1,172: b'ionann sin agus 99.3% a vótáil, ballóidí millte ina measc. Diúltaíodh do na páipéir bhallóide a bhí i 14 fhorchlúdach sular thosaigh an comhaireamh: seacht gcinn mar nach raibh aon séala ar an bhforchlúdach, ceann amháin mar nár cuireadh an séala i gcrích i gceart, agus sé cinn mar nár comhlánaíodh an dearbhú céannachta.

Osclaíodh an 1,150 clúdach páipéar ballóide ansin chun a chinntiú go raibh cúig pháipéar ballóide i ngach aon cheann. Cé go raibh sé de rogha ag na toghthóirí ceann amháin

de na páipéir bhallóide nó níos mó a fhágáil bán, nó iad a mhilleadh ar bhealach eile, mura gcuirfí na cúig cinn ar ais, ní fhéadfaí aon cheann acu a chomhaireamh. Bhí cúig pháipéar ballóide sa 1,150 clúdach páipéar ballóide sin.

Rinneadh na vótaí le haghaidh na gcúig rolla a chomhaireamh as a chéile san ord seo a leanas, agus níor cuireadh tús leis an gcomhaireamh le haghaidh gach rolla go dtí go raibh an ceann roimhe go hiomlán críochnaithe:

1. An Rolla Saíochta agus Oideachais
2. An Rolla Talmhaíochta
3. An Rolla Oibreachais
4. An Rolla Tionscail agus Tráchtála
5. An Rolla Riaracháin

Roinneadh na páipéir bhallóide ina rollaí faoi seach, ionas go bhféadfaí tús a chur leis an gcomhaireamh don Rolla Saíochta agus Oideachais. Cuireadh na páipéir bhallóide nár bhain leis an rolla sin ar ais i mboscaí ballóide a séalaíodh, bhain uiséirí ón seomra iad, agus stóráladh go slán iad.

Mar a tharlaíonn le haon toghchán eile in Éirinn, thosaigh gach comhaireamh do na rollaí leis na vótaí príomhrogha a chomhaireamh. Bhí idir páipéar ballóide amháin agus cúig cinn neamhbhailí i ngach comhaireamh, toisc nach raibh aon vóta príomhrogha ar an bpáipéar ballóide den chuid is mó.

Cuireadh páipéir bhallóide i ngrúpaí i mbearta in ord aibítre ar dtús ar bhord i lár an chrú capaill, bunaithe ar na gcéad litir de shloinne an iarrthóra a fuair an vóta príomhrogha. Mar shampla, i rith na chéad chéime de chomhaireamh an Rolla Talmhaíochta, cuireadh na ballóidí ar fad inar tugadh an vóta príomhrogha d’aon duine idir Blaney agus Coughlan ar an bpáipéar ballóide sa bheart céanna. Nuair a bhí sé sin déanta, bogadh na ballóidí go dtí fáinne seachtrach an chrú capaill, áit a raibh na breathnóirí ag faire go géar agus a gcéad


©Tithe an Oireachtais

sracfhéachaint ar na páipéir acu. Cuireadh ainmchlib le haghaidh gach iarrthóra sa chrú capall in ord aibítre, agus cuireadh vótaí an iarrthóra sin díreach in aice leis an ainmchlib sin.

**Luach na vótaí**

Toisc go bhfuil an toghlacht sách beag agus an fhéidearthacht go mbeadh codáin chomh beag sin ann go mbeidís neamhphraiticiúil nuair atá siad le dáileadh i rith an phróisis comhairimh, sanntar luach 1,000 do gach vóta ag an tús, seachas 1. Is i dtoghcháin rollaí an tSeanaid amháin a dhéantar sin. Dá bhrí sin, má fhaigheann iarrthóir 74 vóta i rolla faoi leith, comhairtear é sin mar 74,000 vóta. Ríomhtar an cuóta leis an bhfoirmle chéanna a úsáidtear i dtoghcháin eile in Éirinn (féach lch 28).


Tugtar beart vótaí ar an gcarnán páipéir bhallóide in aice le hainm iarrthóra. Leagtar duillín ar bharr bheart gach iarrthóra ina bhfuil faisnéis faoi líon na bpáipéar agus a luach. Is féidir leis an gceann comhairimh toradh an chéad chomhairimh a fhógairt ansin.

Aon iarrthóir a sháraíonn an cuóta ar an gcéad chomhaireamh, meastar iad a bheith tofa, agus is féidir a bhfarasbarr (na vótaí breise os cionn an chuóta) a dháileadh i gcomhairimh ina dhiaidh sin. Má fhaigheann níos mó ná iarrthóir amháin farasbarr ar an gcomhaireamh céanna agus go caithfear iad ar fad a dháileadh, tosóidh an ceann comhairimh ag athdháileadh an fharasbairr is mó.

Mura sáraíonn aon iarrthóir an cuóta nó mura bhfuil an farasbarr atá ann in ann ligean ar lár an iarrthóra/na n-iarrthóirí is ísle a sheachaint, cuirtear iad as an gcomhaireamh, agus athdháiltear a vótaí. Leantar ar aghaidh mar sin i ngach comhaireamh go dtí go líontar gach suíochán, mórán mar a dhéantar i dtoghchán chun na Dála, Pharlaimint na hEorpa nó comhairle áitiúil.

**Amharc-scéal**

Nuair a mheastar iarrthóir a bheith tofa, leagtar lipéad glas ar a mbíonn ‘Deemed to be Elected’ in aice lena n-ainm ar an gcrú capaill. Má chuirtear iarrthóir as an áireamh, cuirtear lipéad dearg ar a mbíonn ‘Eliminated’ in aice lena n-ainm. Is féidir dul chun cinn an chomhairimh agus cinniúint na n-iarrthóirí a rianú dá bharr sin trí bhreathnú ar airde na mbeart vótaí agus ar dhath na lipéad a leagtar in aice leo ar deireadh.


©Tithe an Oireachtais

Nuair a chuirtear iarrthóir as an áireamh nó nuair a mheastar iad a bheith tofa le farasbarr, cuirtear na vótaí atá le hathdháileadh ar ais go dtí an bord sa lár. Sórtáiltear na ballóidí sin arís ina gcarnáin (fo-bhearta) bunaithe ar an iarrthóir a gheobhaidh iad. Mar sin, má cuireadh iarrthóir A as an áireamh i ndiaidh an chéad chomhairimh, bhí athdháileadh a bpáipéar ballóide ar fad i gceist leis an dara comhaireamh. Má fuair iarrthóir B an dara rogha ar chúig cinn de na páipéir bhallóide sin, gheobhaidh siad fo-bheart nua de chúig vóta, lena ngabhann luach iomlán de 5,000.

I ndiaidh na páipéir bhallóide a chomhaireamh, a shórtáil agus a sheiceáil, is féidir na fo-bhearta a bhogadh go dtí an crú capall seachtrach. Leagtar an fo-bheart anuas ar an bhfo-bheart de vótaí a fuair iarrthóir B sa chéad chomhaireamh chun a bheart iomlán vótaí a dhéanamh. Faoi dheireadh na gcomhaireamh ar fad, d'fhéadfadh go mbeadh cúpla fo-bheart anuas ar bharr a chéile in aice le hainm iarrthóra. Ar an mbealach sin, is féidir leis an gceann comhairimh an chaoi a mbogann páipéir bhallóide ar leith idir na comhairimh a rianú, chomh maith leis an gcaoi a bhféadfaí a luach a athrú (féach lch 39).

Mar a phléifear níos faide anonn, thionscain iarrthóir Seanaid amháin nár éirigh leo achainí san Ard-Chúirt ag lorg athchomhaireamh ar thoghchán an tSeanaid. Tugann an Coimisiún ar aird go bhfuil infheictheacht dháileadh na bpáipéar ballóide ar cheann de na ceisteanna faoi chaibidil. Bhí an cás sin fós ar bun nuair a cuireadh an t-athbhreithniú seo i gcrích. Tuigtear don Choimisiúin go n-iarrfar ar an Ard-Chúirt roinnt ábhar a chinneadh, ina measc an gcaithfear trédhearcacht an phróisis a fheabhsú.

Nuair a chuirtear iarrthóir as an áireamh, athdháiltear a vótaí fo-bheart amháin ag an am, ag tosú leis an gceann is sine (.i. an fo-bheart ag bun an bhirt, ina bhfuil vótaí príomhrogha an iarrthóra). Má shroicheann iarrthóir cuóta mar gheall ar athdháileadh fo-bhirt, cuirtear an comhaireamh atá ar bun ar sos agus meastar an t-iarrthóir rathúil a bheith tofa. Ní féidir leo tuilleadh vótaí a fháil ansin, agus tosaítear ar chomhaireamh na bhfo-bheart atá fágtha an athuair.

**Beirt nó níos mó iarrthóirí cothrom le chéile**

Tá sé d'oibleagáid ar an gceann comhairimh 'an tOrd Rogha' a chinneadh ag deireadh an chéad chomhairimh. Má fuair níos mó ná iarrthóir amháin an líon céanna de vótaí príomhrogha, seiceáiltear na páipéir bhallóide arís chun a fháil amach cé mhéad vótaí dara rogha a fuair na hiarrthóirí sin. Má bhíonn beirt nó níos mó iarrthóirí cothrom le chéile arís, seiceáiltear vótaí tríú rogha na n-iarrthóirí ábhartha, agus leantar ar aghaidh mar sin. Leantar leis an bpróiseas sin go dtí go liostaítear gach iarrthóir ón gcéad duine go dtí an duine deiridh in ord na roghanna.

Má chaithfear iarrthóir a chur as an áireamh ag deireadh comhairimh, ach go bhfuil beirt nó níos mó iarrthóirí cothrom le chéile san áit dheireanach, seiceálfaidh an ceann comhairimh cén t-iarrthóir a bhí chun cinn sa chéad chomhaireamh. Má bhí siad cothrom le chéile, seiceálfaidh sé an dara comhaireamh, agus mar sin de go dtí go bhfuil duine amháin chun cinn. Má bhí na hiarrthóirí ábhartha mar an gcéanna ag gach comhaireamh, tagróidh an ceann comhairimh don ord rogha agus cuirfear an t-iarrthóir is ísle as an áireamh.

I gcás na gcúig rolla, caithfear íoslíon iarrthóirí a thoghadh ón bhfo-rolla Oireachtais agus ón bhfo-rolla comhlachtaí ainmniúcháin (féach Tábla 6). Mar gheall ar na fo-rollaí a úsáidtear ag na toghcháin seo,

is féidir le cásanna a theacht chun cinn nach dtarlódh i dtoghchán ar bith eile in Éirinn, is é sin gur féidir iarrthóir a thoghadh thar iarrthóir eile a fuair níos mó ná vótaí ná iad. Mar shampla, ar an Rolla Riaracháin, caithfear triúr iarrthóirí a thoghadh ón bhfo-rolla Oireachtais agus triúr ón bhfo-rolla comhlachtaí ainmniúcháin, rud a fhágann go bhfuil suíochán amháin ann is féidir a líonadh ó ceachtar fo-rolla. Dá bhrí sin, dá dtoghfaí ceathrar iarrthóirí ón bhfo-rolla Oireachtais, bheadh gach iarrthóir a bhí fágtha ar an bhfo-rolla sin curtha as an áireamh go huathoibríoch, fiú má bhí siad chun cinn ar iarrthóirí ón bhfo-rolla eile. Nuair a tharlaíonn sé sin, cuirtear an t-iarrthóir ag a bhfuil an líon is mó vótaí as an áireamh ar dtús, agus leantar ar aghaidh mar sin, go dtí gur cuireadh na hiarrthóirí ar fad a bhí fágtha san fho-rolla ábhartha as an áireamh, nó gur líonadh gach suíochán. Níor tharla a leithéid de chás i dtoghchán 2025.

**Tábla 6: An líon iarrthóirí atá le toghadh ó gach rolla agus fo-rolla**

| Rolla | An Líon Comhaltaí | Íosmhéid le Toghadh ó gach Fo-rolla | Uasmhéid le Toghadh ó gach Fo-rolla |
|---|---|---|---|
| Saíocht agus Oideachas | 5 | 2 | 3 |
| Talmhaíocht | 11 | 4 | 7 |
| Oibreachas | 11 | 4 | 7 |
| Tionscal agus Tráchtáil | 9 | 3 | 6 |
| Riarachán | 7 | 3 | 4 |


©Tithe an Oireachtais

**Dáileadh farasbairr**

Baineann toghcháin rollaí an tSeanaid úsáid as modh níos comhréirí chun farasbarr a dháileadh ná aon toghchán eile in Éirinn. Meastar go minic go bhfuil an córas seo níos cothroime agus níos ionadaíche ná an córas a úsáidtear i dtoghcháin eile.

Cuir i gcás go bhfuair iarrthóir C i dtoghchán Dála 200 vóta ar an ochtú comhaireamh, agus gur sháraigh siad an cuóta dá bharr le 100 vóta. Chun an farasbarr sin a athdháileadh, seiceáiltear an chéad rogha eile ar an 200 páipéar ballóide i bhfo-bheart is deireanaí iarrthóir C. Má fuair iarrthóir D an chéad vóta rogha eile ar 50 de na ballóidí sin, gheobhaidh sí aistriú 25 vóta (toisc gur 100 vóta a bhí san fharasbarr, leath den 200 a comhaireadh). Nuair atá na páipéir bhallóide sin le hathdháileadh go fisiciúil ar iarrthóir D, aistreofar an 25 páipéar ballóide ar bharr an charnáin arb í iarrthóir D an chéad vóta rogha eile. Fágtar an 25 páipéar ballóide eile ar leataobh. Dá bhrí sin, tá ord na bpáipéar ballóide sa bheart tábhachtach, toisc dá ghaire an bhallóid do bharr an charnáin, is é is mó seans go n-athdháilfear í. Dá gcuirfí na páipéir bhallóide le chéile ar bhealach difriúil ag tús an chomhairimh, d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar an gcomhaireamh ar fad agus toradh difriúil a chruthú.

Ní bhíonn gné randamach ag baint le dáileadh farasbairr i dtoghcháin rollaí an tSeanaid. Ina áit sin, nuair a sháraíonn iarrthóir an cuóta, déantar gach páipéar ballóide san fho-bheart vótaí is deireanaí acu a athdháileadh. Má thoghtar iarrthóir ar an gcéad chomhaireamh le farasbarr, déanfar a bpáipéir bhallóide ar fad a athdháileadh.

Chun an t-athdháileadh sin a éascú, caithfear luach na bpáipéar ballóide inaistrithe a laghdú. Má fuair iarrthóir E deich vóta (luach: 10,000) ar an 12ú comhaireamh, a thugann farasbarr 5,000 dóibh thar an gcuóta, dearbhóidh an fhoireann comhairimh an chéad vóta rogha eile (más ann dó) ar na deich bpáipéar ballóide san fho-bheart a chuir iarrthóir E thar an gcuóta.

Ach ní féidir 10,000 vóta a athdháileadh, toisc nach raibh ach farasbarr 5,000 sa bhreis ann. Mar sin, laghdaítear luach na ndeich bpáipéar ballóide sin faoin leath, ó 1,000 go 500, agus athdháiltear mar sin iad. Agus na páipéir bhallóide ag dul timpeall an chrú capaill i gcaitheamh na gcomhaireamh, d'fhéadfadh go bhfágfaí páipéir bhallóide áirithe le luach an-bheag den 1,000 a sannadh orthu ar dtús, agus marcáiltear é sin ar an duillín ar bharr an fho-bhirt ina bhfuil siad. Sin é an chaoi ar chaill iarrthóir amháin amach ar thoghchán le 116 vóta: níos lú ná an t-ochtú cuid de vóta iarbhír.

Baineann an ceann comhairimh úsáid as córas bogearraí chun cabhrú leis an ríomh agus chun na torthaí a rianú; tugadh clár nua isteach le haghaidh thoghchán 2025. Mar sin féin, bhí obair oilte na foirne comhairimh fós riachtanach le go n-éireodh leis an bpróiseas.

Aiteas eile a bhaineann le córas comhairimh rollaí an tSeanaid ná go gcaithfear leanúint leis an gcomhaireamh uaireanta fiú nuair atáthar cinnte faoi cé a thoghfar sna suíochán atá fágtha. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a tharlú go bhfuil dhá shuíochán fós le líonadh, agus beirt iarrthóirí fós sa rás, ach leantar leis an gcomhaireamh de réir na rialacha a rialaíonn na toghcháin sin. D'fhéadfadh sé sin fad a chur le próiseas atá fadálach cheana féin agus ní thagann sé leis na toghcháin eile in Éirinn. Toisc nach mbíonn aon tionchar ag

an ord ina dtoghtar na hiarrthóirí ar a gcuid oibre mar sheanadóirí, molann an Coimisiún go ndéanfaí athchóiriú ar an riail sin a mheas.

Ag deireadh gach comhairimh, cuireadh na páipéir bhallóide ar ais ina mboscaí ballóide, séalaíodh iad agus thug na huiséirí Oireachtais ar ais chuig an stóras iad. Thug na huiséirí na páipéir bhallóide don chéad chomhaireamh eile go dtí Bialann na gComhaltaí ansin, agus leanadh ar aghaidh mar sin go dtí go ndearnadh na páipéir bhallóide ar fad a chomhaireamh, a thabhairt ar ais go dtí an stóras, agus tháinig deireadh le toghcháin rollaí an tSeanaid in 2025.

Ba mhaith leis an gCoimisiún tréaslú leis an bhfoireann comhairimh as a ndúthracht agus a neart agus iad ag obair go moch maidin i gcaitheamh an chomhairimh a mhair cúig lá, agus a bhí ar bun i caitheamh dheireadh seachtaine lá saoire poiblí Lá Fhéile Bríde. Rinneadh comhairimh chasta leis an gcúram agus an chríochnúlacht ba mhó. Rinneadh líon éachtach seiceálacha ag gach céim den phróiseas chun cruinneas an toraidh a chinntiú.

Thug an Coimisiún ar aird go raibh saineolas agus díograis an Chinn Comhairimh Seanaid agus a leaschinn comhaireamh riachtanach do rath an phróisis toghcháin agus d'fháilteodh roimh thacaíochtaí breise a chur ar fáil dóibh i dtoghcháin amach anseo má theastaíonn siad.

## Athchomhaireamh

Bíonn sé de dhualgas ar an gceann comhairimh tabhairt faoi athchomhaireamh ar chomhaireamh, ag deireadh an chomhairimh sin, má iarrann iarrthóir nó gníomhaire é. Tharla sé sin faoi dhá sa toghchán seo, uair amháin ar an Rolla Saíochta agus Oideachais agus uair amháin ar an Rolla Talmhaíochta.

Féadfaidh iarrthóirí agus gníomhairí athchomhaireamh iomlán a iarraidh le haghaidh rolla faoi leith freisin; ach féadfaidh an ceann comhairimh diúltú don iarratas sin má bhíonn siad sásta go raibh an comhaireamh cruinn. Rinneadh trí iarratas mar sin i rith an toghcháin seo (iarratas an ceann do na Rollaí Talmhaíochta, Oibreachais, agus Saíochta agus Oideachais), agus diúltaíodh dóibh ar fad.

Tá iarrthóir a chaill amach ar shuíochán ar an Rolla Talmhaíochta tar éis imeachtaí a thionscnamh trí achainí san Ard-Chúirt, ag iarraidh athchomhaireamh iomlán ar an rolla sin, rud ar dhiúltaigh an ceann comhairimh dó ar lá an chomhairimh. Agus



©Tithe an Oireachtais



©Tithe an Oireachtais

an t-athbhreithniú seo á chur i gcló, níor tugadh an cás chun críche fós. D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí eile ag toradh na n-imeachtaí sin ar an gcaoi a reáchtáiltear comhairimh an tSeanaid. Is achainí shuntasach í toisc gurb í sin an chéad achainí dá leithéid ag cur i gcoinne toradh toghcháin i gceachtar Teach den Oireachtas. Má leantar ar aghaidh go héisteacht iomlán agus cinntiúchán, d'fhéadfadh sé treoir a leagan síos le haghaidh thoghcháin an tSeanaid amach anseo.

## Inrochtaineacht

Mar a tharla i gcás thoghcháin OÉ agus TCD, moltar inrochtaineacht an phróisis toghcháin do na rollaí le haghaidh vótálaithe faoi mhíchumas. Sheachain an rochtain uilíoch ar an bpostvótáil cuid de na deacrachtaí inrochtaineachta a bhain le stáisiúin vótála in imeachtaí toghcháin eile. Tá an stáisiún vótála agus an t-ionad comhairimh i dTeach Laighean inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí (cé go bhféadfadh sé a bheith deacair dul thart san ionad comhairimh nuair a bhíonn sé gnóthach). Dheimhnigh Cléireach agus Leas-Chléireach Sheanad Éireann go ndéanann siad iarrachtaí réasúnta chun a chinntiú gur féidir le vótálaithe ar a bhfuil tinneas nó míchumas vóta a chaitheamh, trí chuairt a thabhairt ar áit chónaithe an toghthóra nó ar ospidéal, i measc nithe eile. Níor theastaigh cúnamh mar sin don toghchán seo.

Mar atá thuasluaite, thug an Coimisiún na dathanna geala a úsáidtear do na cúig pháipéar ballóide ar aird mar bhealach éifeachtach chun a chinntiú go raibh na vótálaithe in ann idirdhealú éasca a dhéanamh idir na toghcháin ar fad. D'fhéadfadh gur fiú úsáid dathanna geala a mheas ar ócáidí eile ina mbíonn níos mó ná imeacht toghcháin amháin ar siúl ag an am céanna, chun inrochtaineacht a mhéadú a oiread agus is féidir agus chun an baol go mbeadh mearbhall ar vótálaithe a laghdú, go háirithe iad siúd a bhfuil lagú radhairc orthu. Anuas air sin, rinneadh na grafaicí san ionad comhairimh ar a raibh torthaí ón gcomhaireamh a ullmhú i scéim dathanna a d'oir d'aon duine den lucht freastail a bhí dall ar dhathanna.

Ba dhíol sásaimh don Choimisiún freisin a fháil amach go raibh ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fáil do na fógraí ar fad i gcaitheamh an chomhairimh a mhair cúig lá. Ag teacht leis an ardchaighdeán uileghabhálachta agus inrochtaineachta sin, molann an Coimisiún go dtabharfaí na fógraí ar fad i nGaeilge agus i mBéarla ag toghcháin rollaí an tSeanaid amach anseo, chomh maith le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.

# 10. Obair an Choimisiúin Toghcháin

## Bailiúchán sonraí PEER

Bhí an Coimisiún Toghcháin i láthair ag na hócáidí tábhachtacha ar fad sna próisis toghcháin Seanaid uile go luath in 2025.

Iarradh ar ionadaithe an Choimisiúin dul go Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun bualadh leis an bhfoireann toghcháin, fáil agus próiseáil na mballóidí a cuireadh ar ais a fheiceáil, agus féachaint ar an gcóras TF a úsáideadh chun an próiseas toghcháin a éascú. Thug an Coimisiún cuairt ar cheanncheathrú Ollscoil na hÉireann i mBaile Átha Cliath freisin chun na céimeanna céanna den phróiseas toghcháin a fheiceáil, chomh maith leis an obair a bhí ar bun chun clár nua a chruthú don toghlach Ardoideachais nua (féach Caibidil 11).

Maidir le toghcháin na rollaí, d'fhreastail an Coimisiún ar chríochnú na rollaí i dTeach Laighean ar an 8 Eanáir, chomh maith le heisiúint na vótaí poist ó Theach Laighean ar an 15 Eanáir.

Bhí ionadaithe ag an gCoimisiún sna trí ionad comhairimh ar na laethanta ar fad a raibh na comhairimh faoi seach ar siúl, is é sin an 29 agus 30 Eanáir ag comhaireamh OÉ san RDS; an 29, 30 agus 31 Eanáir i gColáiste na Tríonóide; agus an 30 agus 31 Eanáir agus an 1, 2 agus 3 Feabhra i dTeach Laighean. Bhí an Coimisiún i dteagmháil go rialta leis an triúr ceann comhairimh agus/nó a bhfoireann ó mhí na Nollag 2024.

Reáchtáil an Coimisiún cruinniú le hionadaithe An Post i mí an Mhárta 2025 chun machnamh a dhéanamh ar a ról i dtoghchán 2025, maidir leis an Litir um Thoghchán agus eisiúint agus aischur na bpostbhallóidí go háirithe.

Bhí ionadaithe an Choimisiúin i láthair san áiléar poiblí freisin i rith na n-imeachtaí a bhaineann leis an achainí faoin toghchán sna Ard-Chúirt thuasluaite, a bhí fós ar bun tráth ar scríobhadh an tuarascáil seo.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil arís leis an triúr ceann comhairimh agus lena bhfoireann as fáilte a chur roimh an gCoimisiún chun freastal agus breathnú ar na céimeanna difriúla den phróiseas toghcháin, agus as a gcomhoibriú trí fhaisnéis a chur ar fáil le cabhrú leis an tuarascáil seo a chur i gcrích.

## Feachtas eolais le haghaidh olltoghchán an tSeanaid

Leagtar amach tiomantas an Choimisiúin do rannpháirtíocht an phobail i *Ráiteas Straitéise 2024–2026* dár gcuid. Tugtar breac-chuntas ann ar chur chuige atá sainoiriúnaithe chun oideachas a chur ar an toghlacht agus feasacht a mhéadú ina measc chun go mbeifí rannpháirteach in imeachtaí toghcháin.

Theastaigh cur chuige cumarsáide ar leith ó thoghcháin an tSeanaid, i gcomparáid le himeachtaí toghcháin eile, mar gheall ar an toghlacht teoranta agus úsáid na postvótála.

Roimh lá na vótála do thoghchán an tSeanaid, chuir an Coimisiún feachtas eolais agus feasachta i láthair inar díríodh ar fheasacht a fhorbairt ar na toghcháin a bhí le teacht, agus ar vótálaithe incháilithe a chur ar an eolas faoi na spriocdhátaí tábhachtacha don phostvótáil agus faoin gcaoi lena vóta a chomhlánú.

Chomh maith le faisnéis a thabhairt chun rannpháirteachas vótálaithe incháilithe a spreagadh i dtoghcháin seo an tSeanaid, b'éigean ag an am céanna daoine a chur ar an eolas faoi bhunú toghlaigh Ardoideachais nua le haghaidh thoghcháin an tSeanaid amach anseo, toisc nach raibh ach sé lá idir na spriocdhátaí.




## Na meáin shóisialta

Roinn an Coimisiún clár d'inneachar meán sóisialta ar ár ngnáthchainéil, is é sin, X, Instagram, Facebook, Threads, Snapchat, TikTok agus LinkedIn. Cuireadh eolas ar fáil go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla.

Leagadh béim ar leith ar fhíseáin shonracha a léiriú agus a scaipeadh chun an méid seo a leanas a mhíniú:

- An chaoi le vóta poist a chomhlánú agus a chaitheamh do thoghcháin ollscoile an tSeanaid.
- Na próisis a bhí ar bun ag an am céanna chun vótáil i dtoghcháin an tSeanaid a mhíniú, chomh maith le cruthú toghlaigh Ardoideachais a bhí ag tarlú freisin.
- Míniú a thabhairt ar an toghlach Ardoideachais nua agus aird a tharraingt ar an gcaoi nach mbeadh tionchar ag an bpróiseas sin ar incháilitheacht chun vóta a chaitheamh i dtoghcháin an tSeanaid in 2025.

Anuas ar ár n-ábhair eolais shaincheaptha féin don Seanad, ar nós grafaicí faisnéise chun céimithe OÉ agus TCD a spreagadh le vóta a chaitheamh, agus grafaicí faisnéise faoin toghlach Ardoideachais nua sa Seanad, scaipeamar ábhair eolais freisin ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann agus VótálaíSeanad.ie faoi na toghcháin agus an toghlach Ardoideachais nua.

D'aimsigh ár bhfeachtais meán sóisialta le haghaidh Olltoghchán an tSeanaid, 2025 lucht féachana de os cionn 36,900 cuntas ar fud na n-ardán ar fad. Bhí beagnach 11,000 amharc ar fud na n-ardán ag an bhfíseán ba mhór éileamh uainn – físeán eolais faoin gcaoi le vóta poist a chomhlánú agus a chaitheamh do rollaí ollscoile an tSeanaid.

## Suíomh gréasáin

Cuireadh eolas spriocdhírithe agus ceisteanna coitianta faoi thoghchán an tSeanaid ar ár suíomh gréasáin, www.electoralcommission.ie, le leagan amach atá éasca le húsáid agus taithí úsáideora atá dírithe ar inrochtaineacht, go háirithe dóibh siúd atá faoi mhíchumas.

Ón 1 Eanáir go dtí an 1 Feabhra 2025, bhreathnaigh 2,172 úsáideoir ar leith ar ár leathanach eolais faoi thoghcháin an tSeanaid 2,849 uair; ba é sin an leathanach gréasáin is mó a breathnaíodh air go mór fada i rith na tréimhse sin.

# 11. Toghcháin an tSeanaid Amach Anseo

## An chéad olltoghchán eile don Seanad

De réir Airteagal 18.8 den Bhunreacht, beidh an chéad olltoghchán eile don Seanad ar siúl laistigh de nócha lá de lánscor an 34ú Dáil ag an Uachtarán.

Meastar faoi láthair go ndéanfar toghchán na gcomhaltaí rolla agus ainmniúcháin an Taoisigh leis na córais chéanna a úsáideadh i dtoghchán 2025, mar a shonraítear sa tuarascáil seo. Ach beidh an próiseas a rialaíonn toghadh an tseisear seanadóirí eile an-difriúil sa chéad toghchán eile.

## An toghlach Ardoideachais

D'aontaigh 92.4% de na toghthóirí leis an Seachtú Leasú ar an mBunreacht in 1979, lenar leasú Airteagal 18.4 chun go bhféadfadh institiúidí ardoideachais seachas Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil na hÉireann an seisear seanadóirí sin a thoghadh.

Níor achtaíodh an leathnú sin ar an gceart vótála ina dhlí ach le deireanaí le h*Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024*. Lean sé sin cinneadh na Cúirte Uachtaraí i mí Iúil 2023 sa chás *Heneghan v the Minister for Housing, Planning and Local Government*,[29] inar leagadh síos an 31 Bealtaine 2025 mar an spriocdháta chun an ceart vótála a leathnú, nach mór 46 bliain i ndiaidh do na toghthóirí aontú leis an Seachtú Leasú.[30]

Ba é Olltoghchán an tSeanaid, 2025 an ceann deireanach mar sin ina n-úsáidfear rollaí TCD agus OÉ mar atá faoi láthair. Bainfear úsáid feasta as toghlach amháin 'Ardoideachais' chun an seisear seanadóirí a thoghadh, agus beidh céimithe ó raon i bhfad níos leithne d'institiúidí tríú leibhéal incháilithe le vótáil. Bainfidh an toghlach Ardoideachais leas as clár na dtoghthóirí nua, agus éilíodh ar na toghthóirí Seanaid a bhí ann cheana féin athchlárú don toghlach nua má bhí siad lena gceart vótála a choinneáil. As seo amach, ní bheidh toghthóirí i dteideal vótáil ach uair amháin sna toghcháin sin, fiú má tá céim acu ó níos mó ná ceann amháin de na hinstitiúidí ainmnithe.

Déanann Ollscoil na hÉireann clár an toghlaigh Ardoideachais a bhainistiú agus a chothabháil, fiú i gcás na dtoghthóirí nach céimithe OÉ iad. Cruthaíodh an suíomh gréasáin VótálaíSeanad.ie freisin chun an






próiseas nua clárúcháin a éascú. Is é an Dr Patrick O'Leary, Cláraitheoir Ollscoil na hÉireann agus an ceann comhairimh do Thoghchán OÉ don Seanad in 2025, an Príomh-Oifigeach Clárúcháin.

Scríobh TCD agus OÉ chuig toghthóirí a bhí cláraithe cheana féin chun an toghlach nua a chur in iúl dóibh agus an gá a bhí le hathchlárú, chomh maith le cód ar leith a thabhairt dóibh a d'éascaigh an clárúchán. Bhí an próiseas clárúcháin ar oscailt freisin do chéimithe TCD agus OÉ nár chláraigh roimhe sin chun vóta a chaitheamh i dtoghcháin an tSeanaid nó nach raibh a gcód féin ar leith acu, chomh maith le céimithe d'institiúidí ardoideachais a fuair ceart vótála den chéad uair.

Éilíodh ar na hiarratasóirí nua sin cruthúnas ar shaoránacht Éireannach a thabhairt (m.sh. pictiúr de phas Éireannach) agus uimhir PSP nó foirm fhinnéithe a bhí le comhlánú agus le síniú i láthair ball den Gharda Síochána, nótaire/nótaire phoiblí, nó lia-chleachtóra chláraithe.

Ba é an 23 Eanáir 2025 an spriocdháta chun iarratais a dhéanamh ar chlár toghthóirí 2025 don toghlach Ardoideachais. Cé go raibh an feachtas clárúcháin sin ar siúl ag an am céanna le hOlltoghchán an tSeanaid, 2025, níor fhág clárú don toghlach nua go raibh céimí i dteideal vóta a chaitheamh sa toghchán a bhí ar bun. Cuireadh clár toghthóirí 2025 do thoghlach Ardoideachais Sheanad Éireann i dtoll a chéile ar an 1 Aibreán 2025.

Bhí 62,775 duine ar an gclár nua, a raibh 45,150 díobh cláraithe roimhe seo le haghaidh thoghlaigh OE agus/nó TCD. Is céimithe ó institiúidí eile, seachas OÉ nó TCD, 10,488 toghthóir ar an gclár nua.

Athosclófar an próiseas iarratais don toghlach Ardoideachais gach bliain, leis an 26 Feabhra mar spriocdháta bliantúil, agus an clár nua á fhoilsiú ar an 1 Meitheamh. Ní ghearrtar aon táille as clárú.

Mar a tharla le rollaí TCD agus OÉ, níl aon fhoráil sa dlí faoi láthair chun clár forlíontach




a chur i dtoll a chéile le spriocdháta clárúcháin a bheadh níos gaire do lá an toghcháin. Is iad toghcháin an tSeanaid an t-aon imeacht toghcháin in Éirinn nach mbaineann leas as cláir fhorlíontacha. Mar a chonacthas in 2025, is féidir leis sin cás a chruthú ina bhfuil an spriocdháta clárúcháin cuid mhaith míonna sula bhfógraítear toghchán fiú. Ní bhíonn go leor toghthóirí féideartha ar an eolas faoi imeacht toghcháin ach i rith an fheachtais féin, agus ag an bpointe sin bheadh an spriocdháta clárúcháin thart cheana féin. D'fhéadfadh go mbeadh an spriocdháta clárúcháin do vótálaithe thart don bhliain faoin am a mbronnfaí céim ar dhaoine eile ón institiúid ainmnithe. D'fhéadfadh cás dá leithéid cur isteach ar chumas go leor saoránach a gcearta vótála a chomhlíonadh, go háirithe i gcomhthéacs toghcháin nach mbíonn an oiread céanna eolais faoi lena mbaineann na céadta mílte vótálaithe nach bhfuair ceart vótála ach le gairid.

Molann an Coimisiún mar sin go ndéanfaí reachtaíocht a leasú chun bunú cláir fhorlíontaigh don toghlach Ardoideachais a éascú, mar a tharlaíonn in imeachtaí toghcháin eile, roimh an gcéad olltoghchán eile don Seanad.

## Corrthoghcháin an tSeanaid

Má thagann folúntas aníos i measc an 11 seanadóir ainmnithe, ainmneoidh an Taoiseach seanadóir eile ina n-áit.

Má fhágann duine den 43 seanadóir a thoghtar ó na rollaí gairme a suíochán, osclaíonn ainmniúcháin le haghaidh corrthoghcháin. Caithfear an folúntas a líonadh le hiarrthóir a ainmnítear ar an rolla agus ar an bhfo-rolla céanna ónar toghadh an t-iarrthóir atá ag fágáil. Leagtar amach na rialúcháin sin in *Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltaí), 1947.*

Mar shampla, i gcás go dtagann folúntas chun cinn ar an bhfo-rolla Oireachtais, caithfidh naonúr comhalta Oireachtais iarrthóirí a ainmniú, seachas ceathrar mar a bhíonn ann go hiondúil. Féadfaidh comhlachtaí ainmniúcháin iarrthóirí a ainmniú má thagann folúntas chun cinn ar an bhfo-rolla comhlachtaí ainmniúcháin. I gceachtar cás, is iad an toghlacht an c. 230 comhalta reatha san Oireachtas, ach ní bhíonn comhairleoirí i gceist (arb iad formhór na dtoghthóirí iad go hiondúil le haghaidh thoghcháin na rollaí i rith olltoghchán an tSeanaid).

Mura n-ainmnítear ach iarrthóir amháin, nó mura measann an ceann comhairimh ach ainmniúchán amháin a bheith bailí, meastar an t-iarrthóir sin a bheith tofa agus ní theastóidh vóta.

Go dtí seo, sa chás gur fhág seanadóir rolla ollscoile a suíochán, líonadh an folúntas le corrthoghchán, mar a tharla ar rolla TCD in 2022. Ba é an toghlacht do chorrthoghcháin mar sin an toghlacht d'olltoghchán an tSeanaid le haghaidh rolla ollscoile.

Dá bhfágfadh aon duine den seisear seanadóirí a toghadh ó rollaí OÉ agus TCD in 2025 a suíochán, ghairfí corrthoghchán arís. Ach tharraingeofaí an toghlacht ó chlár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais nua, toisc go bhfuil cláir OÉ agus TCD in éag anois agus nach bhfuil feidhm leo níos mó.

Nuair a bhí iarratasóirí ag clárú don toghlach nua, iarradh orthu ar mhaith leo a bheith ar an gclár le haghaidh aon chorrthoghchán a d'fhéadfadh tarlú idir sin agus an chéad olltoghchán eile don Seanad. Má chuir an t-iarratasóir tic sa bhosca sin, agus más céimí den ollscoil ábhartha iad, bheidís i dteideal vóta a chaitheamh i gcorrthoghchán mar sin. Mar shampla, dá bhfágfadh duine den triúr seanadóirí a toghadh ó rolla OÉ a suíochán roimh an gcéad olltoghchán eile don Seanad, ghairfí corrthoghchán, agus bheadh céimithe OÉ ar chlár an toghlaigh Ardoideachais a roghnaigh a bheith ar an gclár corrthoghcháin sa toghlacht.

I ndiaidh an chéad olltoghcháin eile don Seanad agus toghadh seisear seanadóirí don toghlach Ardoideachais nua, tabharfar córas liosta ionaid isteach a bheidh cosúil leis an gcóras a úsáidtear i dtoghcháin Eorpacha. Faoin gcóras sin, beidh iarrthóirí toghcháin in ann liosta d'iarrthóirí ionaid a thabhairt sa chás go dtoghtar iad agus go bhfágann siad a suíochán ina dhiaidh sin. Go praiticiúil, is dócha go dtiocfaidh deireadh le corrthoghcháin chun na sé shuíochán Seanaid sin a líonadh mar gheall ar an gcóras nua sin.



©Tithe an Oireachtais

# 12. Conclúid agus Moltaí

Ba mhaith leis an gCoimisiún moladh a thabhairt arís d'iarrachtaí dúthrachtacha na bhfoirne toghcháin, na n-oibrithe poist agus gach duine eile a bhí páirteach in Olltoghchán an tSeanaid, 2025 chun a chinntiú gur éirigh leis.

Nuair a bheidh an chéad olltoghchán eile don Seanad ar bun, beidh go leor dá ghnéithe agus dá chórais mórán mar an gcéanna leo sin a phléitear sa tuarascáil seo. Ach mar gheall ar an toghlach Ardoideachais a tugadh isteach, beidh athrú ó bhonn ar an gcaoi a dtoghtar seisear den seasca seanadóir.

Mar atá thuasluaite, tráth ar scríobhadh an tuarascáil seo, bhí cás ar bun san Ard-Chúirt maidir le toghchán an Rolla Talmhaíochta i ndiaidh achainí a thionscain iarrthóir nár éirigh leo. Cé go ndearna an Coimisiún iarracht na ceisteanna lena mbaineann a shainaithint trí chéile, níor measadh na cúrsaí sin i moltaí an Choimisiúin faoi láthair. Má éilíonn an tOireachtas é, beidh an Coimisiún sásta PEER aguisín a chur ar fáil i ndiaidh dheireadh an cháis san Ard-Chúirt.

Tá súil againn gur chabhraigh an tuarascáil seo le castachtaí ár tseomra uachtaraigh a mhíniú, chomh maith leis an gcóras toghcháin ilghnéitheach a úsáidtear chun a chomhaltaí a roghnú. I bhfianaise an athchóirithe toghcháin stairiúil sin, agus i ndiaidh machnamh a dhéanamh ar ár mbreathnóireachtaí i rith an toghcháin seo, is mian linn gach rath a ghuí orthu siúd a bheidh páirteach sna chéad toghcháin eile don Seanad, agus cuirimid na moltaí seo a leanas i láthair:


©Tithe an Oireachtais

# Moltaí: An Toghlach Ardoideachais

**Reachtaíocht a leasú chun tabhairt isteach cláir fhorlíontaigh a éascú roimh an gcéad olltoghchán eile don Seanad.**

**Seiceálacha dearbhaithe cáilíochta ar chlár nua na dtoghthóirí a neartú agus gach beart riachtanach a dhéanamh chun a chruinneas a chinntiú.**

**Nósanna imeachta a bhaineann le páipéir bhallóide an tSeanaid a sheachadadh sa phost cláraithe a athbhreithniú:**

- **Nósanna imeachta seachadta i dtaobh an phoist chláraithe agus an cheanglais lena mbaineann faoin síniú a chur i bhfeidhm go seasmhach ar fud na tíre chun sláine toghcháin a chosaint.**
- **An fhéidearthacht a bhainfeadh le cur in iúl go soiléir do vótálaithe gur chaill siad seachadadh a bpáipéir ballóide Seanaid a fhiosrú.**
- **Tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le páipéir bhallóide nach seachadtar a bhailiú/a atheisiúint chun a chinntiú gur féidir lena mhéad toghthóirí agus is féidir a vóta a chaitheamh.**

**Stampa nó comhartha uisce caighdeánaithe a chur ar gach páipéar ballóide sula n-eisítear iad.**

**Téacs na n-ábhar treorach a thugtar do vótálaithe a leasú chun a shoiléiriú gur féidir le haon duine a bhfuil aithne phearsanta acu orthu a bheith ina bhfinnéithe acu.**

**Tacaíochtaí breise agus feabhsaithe a chur ar fáil do vótálaithe ar a bhfuil tinneas nó atá faoi mhíchumas, iad siúd a bhfuil lagú radhairc orthu ina measc.**

**Athbhreithniú a dhéanamh ar na costais a d'fhéadfadh vótálaithe a chónaíonn thar lear a dhíspreagadh, ag féachaint lena gceart chun vótála a éascú níos fearr.**

## Moltaí: Toghcháin na Rollaí

**Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas reatha ina leantar leis an gcomhaireamh fiú nuair is ionann an líon iarrthóirí atá ag dul ar aghaidh agus an líon suíochán atá ar fáil, agus leasú ar an bpróiseas sin le go dtiocfadh sé le cineálacha eile toghcháin a mheas.**

**Reachtaíocht a leasú chun a chinntiú gur féidir le hiarrthóirí diúltú d'ainmniúchán agus/nó a n-ainmniúchán féin a tharraingt siar.**

**Tacaíochtaí breise a chur ar fáil don Cheann Comhairimh Seanaid agus a bhfoireann, más ga.**

## Nithe atá ina saincheist in Achainí na hArd-Chúirte
(ar bun tráth an fhoilsithe)[31]

- **Arbh ionann an mhainneachtain gan athchomhaireamh iomlán a dhéanamh ar iarratas iarrthóra agus botún nó neamhrialtacht ar dhóigh dó difear a dhéanamh do thoradh an toghcháin.**
- **An raibh infheictheacht na gcomhaireamh ar fad i ndiaidh an chéad chomhairimh srianta nó "an ndearnadh go príobháideach iad i ndáiríre", rud as ar eascair sárú formhaoirsithe ar deireadh.**
- **An teideal d'athchomhaireamh trí chéile i dtoghchán rolla Seanaid.**

## Moltaí: Gach Toghchán Seanaid

**A chinntiú go gcuirtear na fógraí ar fad in ionaid chomhairimh ar fáil i nGaeilge, i mBéarla agus i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann.**

# 13. Iarnótaí

1 An Coimisiún Toghcháin, *Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin. An tOlltoghchán. 29 Samhain 2024*.
2 I ndiaidh an Seachtú Leasú ar an mBunreacht in 1979 agus Airteagal 18.4.2° a chur isteach. Féach *Heneghan v Minister for Housing, Planning and Local Government* 2023 IESC 7.
3 Tá comhthéacs ar fáil in The Irish Times, *Labour councillor takes High Court challenge over Seanad vote count*, 14 Feabhra 2025.
4 Tá cuairteanna fillte ar stáisiúin vótála ar leith i gceist freisin mar gheall ar thorthaí bhreathnóireachtaí an Choimisiúin.
5 Féach *Ráiteas Straitéise 2024–2026* de chuid an Choimisiúin Toghcháin.
6 Lynch, Catherine, Seanad 100: The Origins and Purpose of Seanad Éireann, *Seirbhís Leabharlainne agus Taighde an Oireachtais*, 14 Feabhra 2022.
7 An Gasra Oibre um Athchóiriú an tSeanaid, *Report of the Working Group on Seanad Reform 2015*, 13 Aibreán 2015, 16.
8 Lynch, *Seanad 100*.
9 Lynch, *Seanad 100*; An Gasra Oibre um Athchóiriú an tSeanaid, *Report 2015*.
10 Lynch, *Seanad 100*.
11 An Gasra Oibre um Athchóiriú an tSeanaid, *Report 2015*, 10.
12 Bunaithe ar: An Gasra Oibre um Athchóiriú an tSeanaid, *Report 2015*, 20–1.
13 Lynch, *Seanad 100*.
14 Ibid.
15 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, *Mar a Thoghtar an Seanad* (Teach Uachtarach na Parlaiminte), Márta 2021.
16 Lynch, *Seanad 100*.
17 An Roinn Tithíochta, *Mar a Thoghtar an Seanad*, 4.
18 Faisnéis do Shaoránaigh, Costais toghcháin.
19 An Roinn Tithíochta, *Mar a Thoghtar an Seanad*, 8-9.
20 Ibid., 9.
21 Ibid., 9.
22 Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Seanad Electoral Register, Samhain 2024; Ollscoil na hÉireann, The NUI constituency Seanad Éireann Register, Samhain 2024 [Oscailte Eanáir 2025].
23 Ibid.
24 Leagtar amach na rialacha agus na nósanna imeachta éagsúla a rialaíonn bunú Chlár na dToghthóirí don toghlach Ardoideachais sa Sceideal agus i gCuid 2 d'*Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024*.
25 Nuair a chuirtear an t-iarrthóir/na hiarrthóirí leis an líon is lú vótaí as an áireamh, athdháiltear a vótaí ar cibé iarrthóirí a fuair an chéad uimhir eile is airde ar na páipéir bhallóide. Murar féidir an chéad rogha eile a oibriú amach (m.sh. má táthar ag an uimhir is ísle a marcáladh ar an bpáipéar ballóide cheana féin), ní féidir an vóta a aistriú.
26 Nuair a sháraíonn iarrthóir an cuóta agus go meastar iad a bheith tofa, is féidir a bhfarasbarros cionn an chuóta a athdháileadh ar na hiarrthóirí leis an gcéad uimhir eile is airde ar na páipéir bhallóide. Murar féidir an chéad rogha eile a oibriú amach (m.sh. má táthar ag an uimhir is ísle a marcáladh ar an bpáipéar ballóide cheana féin), ní féidir an vóta a aistriú.

27 Féach pointe 5 mar shampla. MOLADH (AE) 2023/2829 ÓN gCOIMISIÚN AN 12 Nollaig 2023 maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa

28 An Roinn Tithíochta, *Mar a Thoghtar an Seanad*, 4.

29 *Heneghan v Minister for Housing, Planning and Local Government* 2023 IESC 7.

30 Free Legal Advice Centres, Supreme Court sets May 2025 deadline for expansion of electorate in Seanad University Panel elections, 26 Iúil 2023.

31 Tá comhthéacs ar fáil in The Irish Times, *Labour councillor takes High Court challenge over Seanad vote count*, 14 Feabhra 2025.

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Meitheamh 2025
ISBN: 978-1-911722-13-7

**An Coimisiún Toghcháin,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2,
D02 X8X8.**

@ElecCommIRL